# Tuarascáil Bhliantúil 2022



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# AN CLÁR


03 RÉAMHRÁ ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

05 MAIDIR LE QQI

06 FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

08 QQI IN UIMHREACHA

10 ÁR GCUID OIBRE IN 2022

35 AN STRUCHTÚR RIALACHAIS

39 GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

43 BAINISTÍOCHT RIOSCA

47 AGUISÍNÍ



# RÉAMHRÁ ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH



**An Dr Padraig Walsh**
Príomhfheidhmeannach, QQI

**Clúdaíonn an tuarascáíl bhliantúil seo an chéad bhliain den cheathrú ráiteas straitéise (2022-2024) ó QQI Bunaíodh QQI an 6 Samhain 2012, mar sin clúdaíonn tuarascáil na bliana seo cothrom deich mbliana ó bunaíodh an eagraíocht.**

Chun an cothrom 10 mbliana sin a cheiliúradh, reáchtáil QQI imeacht speisialta in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh ar 18 agus 19 Deireadh Fómhair. D'fhreastail an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris T.D. agus breis is trí chéad toscaire náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an gcomhdháil. Bhain an tAire úsáid as an ócáid chun an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil (GAIN) a chomhbhunaigh QQI agus gníomhaireacht cáilíochta na hAstráile, TEQSA, a sheoladh.

I gcomhthráth leis an gcomóradh 10 mbliana, d'fhoilsigh QQI an ceathrú eagrán dár Sraith Sonraí QQI, ag breathnú siar ar dhámhachtainí QQI le 10 mbliana anuas. Go heisceachtúil, chun an cothrom deich mbliana a cheiliúradh, d'eisigh QQI glao ar thograí i gcabhair deontais mar shlí chun móiminteam a chothú i scoláireacht mheasúnaithe nó i bhforbairt ghairmiúil a bhaineann le measúnú i gcomhthéacs an Chreata áisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Fuaireamar freagra láidir ar an nglao agus fuarthas 34 iarratas ar mhaoiniú.

I rith na bliana, chuir QQI tús leis an bpróiseas chun ár mbunachar sonraí náisiúnta d'fhoghlaimeoirí, Qualifax, a athfhorbairt, as a seolfar branda agus suíomh Gréasáin nua in 2023. Rinneadh forbairt bhreise i rith na bliana freisin ar Chlár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ), a liostaíonn anois breis agus 11,000 cáilíocht atá san áireamh laistigh den CNC do 250 soláthraí.

Ag deireadh 2022, liostaigh seirbhís NARIC Ireland, arna óstáil ag QQI, breis agus 1,600 ráiteas inchomparáideachta cáilíochtaí agus tá treoir maidir le húsáid na seirbhíse NARIC ar fáil anois i 10 dteanga, lena n-áirítear Úcráinis ó 2022.

I rith na bliana foilsíodh 11 thuarascáil athbhreithnithe cáilíochta eile ar na boird oideachais agus oiliúna, rud a chuir clabhsúr ar an athbhreithniú cáilíochta tionscnaimh ar na 16 BOO. Leanadh den timthriall d'athbhreithnithe cáilíochta institiúideacha CINNTE ar institiúidí poiblí ardoideachais nuair a foilsíodh tuarascálacha athbhreithnithe d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus do Choláiste na Tríonóíde, Baile Átha Cliath.


I rith na bliana, rinne QQI breis agus 170,000 dámhachtain (ardú 4% ó 2021) ar bhreis agus 110,000 foghlaimeoirí aonair (ardú 5% ó 2021).

Agus an aird agus an imní idirnáisiúnta faoi ionracas acadúil ag dul i méid, reáchtáil an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN) le tacaíocht ón QQI, sraith máistir-ranganna in imeacht seachtaine ar ionracas acadúil i mí an Mhárta a chuir saineolaí ón Astráil ar fáil.

I rith na bliana, d'fhoilsigh QQI sraith Páipéir Bhána a bhain le forbairt agus le cur i bhfeidhm an Mhairc Idirnáisiúnta Oideachais, lena n-áirítear dhá dhréachtchód cleachtais do sholáthraithe clár d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta le haghaidh Oideachas Béarla agus Ardoideachas.

I mí na Samhna, d'fhoilsigh QQI torthaí athbhreithniú a coimisiúnaíodh go seachtrach ar dhearbhú cáilíochta, socruithe rialachais agus próisis a forbraíodh do na 39 printíseacht nua faoi stiúir cuibhreannais.

Tar éis athchumrú ar spás oibre oifige QQI thug QQI a mhúnla oibre cumaisc don fhoireann isteach freisin i mbliana, rud atá á thriail ar feadh tréimhse sé mhí ó mhí na Samhna 2022.



An Dr Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach, QQI

# MAIDIR LE DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN



**Leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 a bunaíodh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann). Is gníomhaireacht stáit é, agus is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird.**

Táimid freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar bhreisoideachas agus ardoideachas agus oiliúint in Éirinn Déanaimid cláir a bhailíochtú, dámhachtainí a dhéanamh agus táimid freagrach as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chur chun cinn, a chothabháil, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, cuirimid an pobal ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna, agus cuirimid comhairle ar an Aire maidir le beartas náisiúnta i dtaobh dearbhú cáilíochta agus breisiú an oideachais agus na hoiliúna.

Tá geallsealbhóirí againn i ngach earnáil oideachais agus oiliúna: foghlaimeoirí; soláthraithe; fostóirí; ranna rialtais; gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí maoiniúcháin; comhlachtaí rialála; comhlachtaí gairmiúla; comhlachtaí dáfa cáilíochtaí; an earnáil pobail agus deonach; comhlachtaí ionadacha; agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí.

# FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

## ÁR BHFÍS

áimid tiomanta d'fhís d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais d'ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach.

## ÁR MISEAN

Cothaímid muinín an phobail as cáilíocht, ionracas agus dea-cháil soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais na hÉireann agus soláthraímid faisnéis údarásach ar an raon éagsúil cáilíochtaí atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

## ÁR LUACHANNA

unaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a oibrímid lenár ngeallsealbhóirí ar luachanna soiléire.

Creidimid go bhfuil freagracht i bpáirt againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gur fearr ár dtosaíohtaí agus ár gcuspóirí a bhaint amach trí chomhoibriú agus oibriú go cuiditheach lenár gcomhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla. Is mór againn comhpháirtíochtaí ar mhaithe le leas frithpháirteach.

Geallaimid meas a léiriú ar oibiachtúlacht, trédhearcacht agus inbhuanaitheacht inár gcuid oibre. Is é sin an bonn lenár gcinnteoireacht agus lenár mbeartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí. Bunaítear iad ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, údarásach agus seoltar iad ar shlí ionraic atá trédhearcach agus a chothaíonn muinín.

Geallaimid difríocht a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bpobail. Is mór againn an fhaisnéis, an léargas agus an tionchar -- an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibre.

Is eagraíocht muid atá ag foghlaim . Táimid tiomanta don nuáil agus don bharrmhaitheas.



# QQI IN UIMHREACHA

**5**

iarras ar athbhailíochtú ar chláir BOO, ar athbhailíochtaíodh gach ceann díobh

**2**

sholáthraí nua a ceadaíodh trí an bpróiseas Rochtain Tosaigh ar Bhailíochtú

**3**

**chlár nua printíseachta a cuireadh isteach lena mbailíochtú**

**7**

**iarratas ó sholáthraithe nua faighte.**

**38**

Iarratas ar athbhailíochtú clár ardoideachais, ar bailíochtaíodh gach ceann díobh

**108**

IARRATAS AR CHAIDREAMH A ATHBHUNÚ PRÓISEÁILTE

**103**

iarras ar bhailíochtú do chláir nua BOO, ar bailíochtaíodh 101 díobh

**26**

**Seachtain in**

**Bailíochtú Cláir - Meánfhad an phróisis**

**27**

IARRATAS AR BHAILÍOCHTÚ DO CHLÁIR NUA ARDOIDEACHAIS, AR BAILÍOCHTAÍODH 25 DÍOBH

## MEÁIN SHÓISIALTA:

**4,843**

**leantóir; suas 17% - ráta rannpháirtíochta suas 9%**

**243**

**leantóir; suas 91% - ráta rannpháirtíochta suas 57%**

**7,878**

**leantóir; suas 51% - rata rannpháirtíochta suas 34%**

# CÁS-STAIDÉAR - AN LÍONRA NÁISIÚNTA UM IONRACAS ACADÚIL (NAIN)





Bhí ceithre chruinniú iomlánacha ag an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil in 2022, agus tá cruinniú duine le duine agus ceardlann beartaithe do 2023. I measc na míreanna rialta ag na cruinnithe seo bhí obair na ngrúpaí oibre, nuashonruithe rialála, faisnéis ar imeachtaí atá le teacht, seimineáir gréasáin srl. Bhí cruinnithe níos rialta ag Coiste Stiúrtha NAIN (8 n-uaire san iomlán). Cuireadh Straitéis nua NAIN 2022-24 i ngníomh agus bunaíodh dhá ghrúpa oibre nua (4 agus 5) agus iarradh ar chomhaltaí dul isteach iontu. Chuaigh baill nua isteach sa líonra, ó na hInstitiúidí adoideachais go príomha, agus d'fhás an líonra go timpeall 115 ball faoi dheireadh na bliana.

Reáchtáladh an tríú Seachtain um Ionracas Acadúil i mí Dheireadh Fómhair thart ar Chomhdháil Chothrom 10 mBliana QQI.

Dréachtaíodh acmhainn nua arna forbairt ag NAIN – A Framework for Academic Misconduct Investigation including Case Study Management agus eagraíodh dhá Imeacht comhairliúcháin ar an dréachtcháipéis (1 – go hinmheánach do chomhaltaí NAIN; 2 – go seachtrach do gach institiúid ardoideachais NAIN). Tá súil le foilseachán ar líne in 2023.

Bunaíodh Mol Comhaltaí NAIN ag deireadh na bliana chun cumarsáid níos idirghníomhaí agus éifeachtaí a chumasú agus tacú tuilleadh le bunú pobal gairmithe um Ionracas acadúil.

Seo roinnt tascairí tionchair ón NAIN:

- Seachtainí um Ionracas Acadúil á n-eagrú in institiúidí ardoideachais
- Aontais Mac Léinn ag ainmniú Oifigigh Aontas Mac Léinn ar leith um ionracas acadúil agus piarghníomhaíocht ghaolmhar,
- acmhainní institiúidí ardoideachais á bhforbairt agus á scaipeadh
- tinreamh ar sheimineáir ghréasáin NAIN ag dul i méid agus in éagsúlacht
- daoine á n-earcú ag roinnt institiúidí ardoideachais isteach i bpoist ardleibhéil mar Oifigigh um Ionracas Acadúil
- Modúl Tráthúil nua ar Ionracas Acadúil do 2023 ar StudentSurvey.ie arna fhorbairt le hionchur ó Choiste Stiúrtha NAIN
- rannpháirtíocht mhéadaithe i gcúrsaí ionracais acadúil laistigh de chomhlachtaí ionadaíocha ardoideachais
- beartais nua um ionracas acadúil á bhfoilsiú ag institiúidí ardoideachais

# ÁR GCUID OIBRE IN 2022

## ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

### TOSAÍOCHT 1 #EOLAS

- eolas agus deiseanna níos fearr d'fhoghlaimeoirí

Cuirfimid eolas ar ardchaighdeán ar fáil do lucht fágála na scoile agus dóibh siúd go léir atá ag lorg deiseanna foghlama ar bhealaí forchéimnithe agus idir institiúidí difriúla breisoideachais agus ardoideachais trí ardáin agus seirbhísí faisnéise cáilíochtaí QQI a uasghrádú.

**Figiúirí gníomhaíochta deimhniúcháin**

In 2022, ghnóthaigh beagnach 110,693 foghlaimeoir dámhachtainí QQI, méadú 5% ar 2021. Rinne QQI 173,713 dámhachtain in 2022, suas 4% ar 2021. Gheofar tuilleadh sonraí maidir le figiúirí deimhniúcháin ar láithreán gréasáin QQI.

**Fíorú Cáilíochtaí**

Bhí an-tóir ar an tseirbhís seo arís in 2022. Rinneadh na hiarrataí seo ar chúiseanna éagsúla m.sh. cruthúnas cáilíochtaí d'fhostóirí, seirbhísí meastóireachta oideachais, iarratais ar choláistí agus riachtanais chónaitheachta i dtíortha eile. In 2022, d'fhreagair QQI os cionn 2,000 iarratas ó shealbhóirí dámhachtainí a rinne QQI agus a fhorais cháiliúcháin oidhreachta. Mhéadaigh líon na n-iarratas de bhreis is 2% ar fhigiúirí 2021.

**Seirbhís Athsholáthair Teastais**

Próiseáladh 249 iarratas ar dheimhnithe athsholáthair in 2022. Is méadú 30% ar 2021 é sin. In 2019 a tugadh an tseirbhís seo isteach agus tá líon na n-iarratas ag méadú ó shin.

**Rochtain ar ardoideachas ag baint úsáid as dámhachtainí QQI**

Is bealach seanbhunaithe í an Scéim Naisc Ardoideachais do shealbhóirí dámhachtainí QQI chun rochtain a fháil ar chláir oideachais tríú leibhéal. Tacaíonn QQI leis an scéim seo trí shonraí torthaí scóráilte a sholáthar don Lár-Oifig Iontrála (CAO) chun a chur ar chumas institiúidí tríú leibhéal rannpháirteacha tairiscintí a dhéanamh do shealbhóirí dámhachtainí QQI. In 2022, luaigh 10,000 iarratasóir CAO a ndámhachtain BO QQI agus iarratas ar choláiste á dhéanamh acu.

**Dámhachtainí neamhúsáidte a dhíghníomhachtú**

Gach bliain seolann QQI anailís ar an gComhchóras Dámhachtainí agus foilsítear liosta na ndámhachtainí CAS a mholtar a dhíghníomhachtú. Is gá é seo a dhéanamh chun ionracas an Chomhchórais Dámhachtainí agus an CNC a chinntiú. Tar éis iarratais ar choinneáil a phróiseáil, cuireadh 36 dámhachtain Comhchórais i leataobh lena ndíghníomhachtú in 2022.

## Caighdeáin Ghinearálta Dámhachtainí ag Leibhéil 1-4 CNC

Le cúpla bliain anuas, táimid ag obair go dlúth leis an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna chun raon fiche dréachtchaighdeán nua dámhachtana QQI a fhorbairt. Cinntíonn an cleachtadh seo go dtacaíonn cáilíochtaí breisoideachais agus oiliúna ag leibhéil 1-4 CNC i gcónaí le leasanna pearsanta, sóisialta agus eacnamaíocha na bhfoghlaimeoirí, agus go gcuirtear níos mó solúbthachta ar fáil ag an am céanna ó thaobh dearadh clár, teagasc, foghlaim agus measúnú.

In 2022, d'fhoilsíomar na dréachtchaighdeáin dámhachtana seo agus na treoirlínte forfheidhmithe molta le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. Samhlaítear go ndéanfar svuít d'fhiche caighdeán dámhachtana nua a thabhairt chun críche, a fhaomhadh agus a fhoilsiú in 2023.

## Láithreán gréasáin Qualifax

I rith 2022, thug an fhoireann um Fhaisnéis Cáilíochtaí agus Deiseanna Foghlama 15,150 cúrsa ar fud institiúidí breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna in Éirinn cothrom le dáta.

In 2022, léirigh anailísíocht láithreáin Qualifax thart ar 999,000 cuairt ar an láithreán tar éis rianú anailísíochta nua a thabhairt isteach. Léirigh patrúin na gcuairteanna comhghaol láidir le tréimhse torthaí scrúduithe na scoileanna agus le sprioclaethanta CAO i rith na bliana.

Ó mhí an Mheithimh 2022, tá obair fhorbartha ar bun ar bhrandáil, fionnachtain, taighde agus ailtireacht do shuíomh Gréasáin nua Qualifax. Leanfar den obair in 2023 chun an suíomh nua a sheoladh go déanach san fhómhar.

## Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ) agus Clár Tacar Sonraí Cáilíochtaí (QDR) (Europass)

Tá an IRQ i bhfeidhm ó 2020 ag www.irq.ie agus anois liostaítear breis agus 11,300 clár agus breis agus 11,350 cáilíocht aitheanta laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí do 250 soláthraí. Le linn 2022, chumasaíodh an clár do QQI freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin trí fhaisnéis iontaofa agus chruinn a sholáthar do chéimithe agus dá bpáirtithe leasmhara. Tá an IRQ ag méadú líon a úsáideoirí i gcónaí: 8,432 úsáideoir nua in 2022, méadú de níos mó ná 5,000 úsáideoir nua i gcomparáid le 2021. As cónascadh na nInstitiúidí Teicneolaíochta as ar bunaíodh Ollscoileanna Teicneolaíochta (TUanna) le linn 2021 agus 2022 ba ghá na sonraí ó roinnt iar-Institiúidí Teicneolaíochta a chumascadh – críochnaíodh é seo i gcomhar leis na TUanna nua roimh dheireadh na bliana.

I mí Iúil agus i mí na Nollag 2022, d'fhoilsigh QQI, i gcomhar leis an Lárionad Náisiúnta Europass, sonraí an IRQ do chláir ardoideachais ar Chlár nua Tacar Sonraí Cáilíochtaí Europass (QDR) ag www.europass.ie, rud a fhágann gur féidir an fhaisnéis seo ar roghanna ardoideachais a fheiceáil ar leibhéal AE. Leanann comhoibriú na gcomhlachtaí dámhachtana ainmnithe de bheith ríthábhachtach do phobalú cuimsitheach an dá bhunachar sonraí seo, rud atá ar siúl go leanúnach.

> Déanfaimid ár gcion chun a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach laistigh den chóras breisoideachais agus ardoideachais trí mheas a dhéanamh ar cibé an gcloíonn soláthraithe le cur chuige náisiúnta i leith rochtana, aistriú agus dul chun cinn agus an dtugtar an t-aitheantas cuí don réamhfhoghlaim.

## NARIC

Déanann QQI óstáil ar NARIC, an Lárionad Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil agus cuireann sé seirbhís chomhairleach saor in aisce ar fáil maidir le haitheantas do cháilíochtaí acadúla eachtracha. Is cuid de líonra domhanda gníomhaireachtaí aitheanta cáilíochtaí muid, líonra a dtugtar ENIC-NARIC air. Tá ionadaíocht ar QQI ar Bhiúró ENIC-NARIC go dtí 2023. Bainistíonn an biúró obair an Líonra Eorpaigh.

Ag deireadh 2022, liostaíodh i mbunachar sonraí NARIC 1,611 ráiteas inchomparáideachta le haghaidh teideal nua dámhachtana, méadú 110 ar 2021. Tá Ráitis Inchomparáideachta ar fáil ar líne do gach fiosraitheoir, trína gcuirtear inchomparáideacht chomhairleach ar fáil do dhámhachtain ar leith i gcomparáid le cineál agus leibhéal dámhachtana ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Tá treoir maidir le húsáid na seirbhísí foilsithe anois i ndeich dteanga, lena n-áirítear ó 2022, an Úcráinis.

Lean COVID-19 ar aghaidh ag cur isteach go pointe áirithe ar shoghluaisteacht dhomhanda, ach d'fhan an trácht chuig an suíomh Gréasáin agus íoslódálacha ráitis inchomparáideachta comhsheasmhach le patrún na mblianta roimhe seo:

Agus íoslódálacha na ráiteas inchomparáideachta á ndíchomhbhailiú, maireann an t-éileamh mór ó fhiosraitheoirí sa Bhrasíl, sa RA agus san India, lasmuigh den AE agus go ginearálta araon. Laistigh den AE, is iad an Spáinn, Éire agus an Pholainn is mó a bhaineann úsáid as an tseirbhís

| Íoslódálacha bunaithe ar an Aontas Eorpach ó láithreán gréasáin NARIC Ireland | Íoslódálacha bunaithe go hidirnáisiúnta ó láithreán gréasáin NARIC Ireland |
|---|---|
| An Spáinn, 9% | An Bhrasaíl, 33% |
| Éire, 8% | RA, 12% |
| An Pholainn, 8.2% | An India, 10.2% |
| An Rómáin, 5% | An Afraic Theas, 5% |
| An Chróit, 4.1%, | SAM, 4.3% |
| | An Úcráin, 1.05% |

Ina theannta sin, bhainistigh an tseirbhís 1,800 fiosrúchán ar leith ag baint úsáide as an bpróiseas CRM ar líne agus thart ar 277 fiosrúchán breise ar an nguthán agus i ríomhphoist.

Bhí NARIC Ireland ina chomhpháirtí i roinnt tionscadal Erasmus+, ar nós Cur i bhFeidhm an Uathaitheantais sna líonraí (I-AR), an tionscadal ADDS UP - Forlíonadh an Dioplóma a Dhigitiú, FfraudS+: Taifid bhréagacha, Dioplóma Athraithe agus Bailiúchán Muilte Dioplóma. Scaipeadh torthaí na dtionscadal seo ar pháirtithe leasmhara ar fud líonra ENIC-NARIC agus scaipeadh iad trí shuíomh Gréasáin QQI.

Faomhadh ceithre thionscadal nua le haghaidh 2022-2024, a dhíríonn ar thacú le cur chun feidhme an Mholta um Aithint Uathoibríoch i gcomhréir le forálacha Choinbhinsiún Liospóin um Aithint, agus aitheantas do mhicrintiúir.

Glacann NARIC Ireland páirt i bPiarghrúpa Téamach Phróiseas Bologna ar Aitheantas (TPG B). Aontaíódh plean oibre 2022-2024 le tacaíocht ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Dhírigh (DFHERIS) ar an tsnáithe 'lena mbunaítear dáileadh oibre agus freagrachtaí i measc na n-institiúidí inniúla a bhfuil an t-eolas agus an cumas ceart acu chun nósanna imeachta aitheantais a chur i gcrích' agus ar 'chomhoibriú le geallsealbhóirí ábhartha atá ag obair le dídeanaithe chun aitheantas cothrom a sholáthar'.

Tháinig NARIC Ireland chun próiseas faoi bhainistíocht Chomhairle na hEorpa a shíniú trína gcuirtear Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Feabhsóimid roghanna agus deiseanna foghlaimeoirí trí raon méadaithe cáilíochtaí solúbtha, micrea-dhintiúir ina measc, a áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

### Comhlachtaí Dámhachtana Liostaithe (FCLanna)

Tá dréachtbheartas agus critéir a dhréachtú chun Comhlachtaí Dámhachtana Liostaithe a bhunú agus a ndámhachtainí a chuimsiú sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí curtha i dtoll a chéile agus pléite go hinmheánach. Reáchtáladh roinnt cruinnithe le Comhlachtaí Dámhachtana Liostaithe ionchasacha aonair le linn 2022 agus gheall roinnt comhlachtaí go n-iarrfadh siad liostú a lorg nuair a bheadh sé ar fáil. Cuireadh i láthair póstaer maidir leis an scéim LAB ag Comhdháil Chomóradh 10 mBliana QQI, agus tugadh cur

i láthair ardáin ag Comhdháil TAICEP (The Association for International Credential Evaluation Professionals) i nGlaschú i mí Dheireadh Fómhair. Phléigh an Coiste Beartais agus Caighdeán (PSC) an scéim bheartaithe ag an gcruinniú a bhí aige i mí na Samhna 2022. Bhí aiseolas ón gcoiste, comhdhálacha agus cruinnithe le páirtithe leasmhara mar bhonn eolais leis an dréachtbheartas agus critéir, atá le heisiúint le haghaidh comhairliúcháin go luath in 2023.

Déanfaimid ár gcion le cinntiú go gcuirtear ar chumas gach foghlaimeora rochtain a fháil ar cháilíochtaí creidiúnaithe i dtimpeallachtaí foghlama atá oiriúnach dá riachtanais lena n-áirítear san ionad oibre.

### Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú

Aontaíodh tionscadal in Iúil 2022 trína seolar athbhreithniú ardleibhéil ar Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú. Áis thánaisteach a bheidh san athbhreithniú.

'European Qualifications Passport for Refugees' (EQPR) le tacaíócht ó chomhghleacaithe sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU). Cuirfidh an Chomhairle oiliúint ar fáil in 2023.

# TOSAÍOCHT 2 #COSAINT

## - rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint

Cosnóimid foghlaimeoirí trí fheasacht ar Ionracas acadúil a chur chun cinn agus a chothabháil agus monatóireacht a dhéanamh orthu siúd atá ag iarraidh an bonn a bhaint de.

### Grúpa Oibre ENQA ar Ionracas Acadúil

Ghlac Bainisteoir QQI um Fheabhsú Ionracais Acadúil agus Tionscadail Straitéiseacha ról cathaoirleach Ghrúpa Oibre ENQA ar Ionracas Acadúil le linn 2022. Tugann an grúpa seo tuairim is 96 ball ENQA agus ball cleamhnaithe le chéile chun leibhéal na feasachta ar chúrsaí ionracais acadúil ar fud na hEorpa a scrúdú, agus dul i ngleic leis, agus an sainordú acu tuairisciú ar an tírdhreach reatha agus moltaí a dhéanamh dá réir.

### Máistir-ranganna NAIN um Ionracas Acadúil

I mí na Bealtaine 2022, d'óstáil an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acaduil (NAIN) sraith seachtaine de mháistir-ranganna ar ionracas acadúil d'earnáil ardoideachais na hÉireann, arna sholáthar ag Kane Murdoch (Bainisteoir, Aonad Iompraíochta Mac Léinn, Ollscoil New South Wales, (UNSW). Le linn na máistir-ranganna, tháinig ionadaithe ó institiúidí ardoideachais poiblí agus príobháideacha, mic léinn agus foireann QQI le chéile chun cloisteáil faoi chur chuige braite in UNSW agus chun rannpháirtíocht mac léinn i mí-iompar acadúil a dhíspreagadh agus a bhainistiú.

### Cruinnithe Ceannairí Sinsearacha DAB (Comhlachtaí Dámhachtana Ainmnithe) ar Ionracas Acadúil

Reáchtáil QQI agus NAIN dhá fhóram do cheannairí sinsearacha na gcomhlachtaí dámhachtana ainmnithe (ollscoileanna, ollscoileanna teicneolaíochta agus institiúidí teicneolaíochta) i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair chun plé a dhéanamh ar chomhréimsí fócais maidir le hionracas acadúil. Díríodh ar fhreagairt rialála náisiúnta ar chaimiléireacht conartha agus chuimsigh an seisiún ionchur ó na haíonna an tOllamh Cath Ellis, UNSW agus an Dr Helen Gniel, Gníomhaireacht Cáilíochta agus Caighdeáin Oideachais Treasaigh (TEQSA), an Astráil.

### Ionracas Acadúil san Earnáil Phríobháideach Ardoideachais

Reáchtáil QQI seisiún faisnéise ar alt 43A den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 don earnáil phríobháideach ardoideachais agus, ina dhiaidh sin, reáchtáladh ceardlann aon lae don earnáil chun impleachtaí na reachtaíochta a phlé agus freagraí féideartha beartais ar mhí-iompar acadúil a mheas. Tar éis na ceardlainne, bunaíodh mol ionracais acadúil le haghaidh institiúidí ardoideachais príobháideacha chun cumarsáid agus malartú faisnéise i dtaobh ionracas acadúil a éascú.

### Tuairiciú Ionracas Acadúil chuig Ardáin Fógraíochta agus Meán Sóisialta

I rith 2022, bhunaigh QQI próisis mhonatóireachta agus tuairiscithe le roinnt ardán meán sóisialta agus fógraíochta, lena n-áirítear Meta (Facebook, Instagram), Google (YouTube), TikTok agus Distilled SCH (Adverts.ie, DoneDeal) chun ábhar a chuireann seirbhísí caimiléireachta acadúla chun cinn a shainaithint agus a bhaint.

### Rannpháirtíocht le hIonadaithe Mac Léinn ar Ionracas Acadúil

Chuir QQI agus NAIN dhá chruinniú faisnéise ar fáil d'oifigigh shabóideacha Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) in 2022. Tharla an chéad cheann díobh seo i Márta 2022 in DCU (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath), agus an dara ceann, i Lúnasa 2022 in Ollscoil Uladh (Campas Chúil Raithin). Ba é cuspóir an dá sheisiún ná feasacht ar an reachtaíocht a ardú, le cloisteáil go díreach ó oifigig mac léinn faoi

Eispéiris, ionadaithe mac léinn a chumhachtú chun gníomhú in aghaidh seirbhísí camiléireachta conartha, éisteacht le taithí rannpháirtithe agus a bpiaraí ar sheirbhísí caimiléireachta ag teacht chucu, agus chun comhairle a fháil ó oifigigh shabóideacha faoin mbealach is fearr le cumarsáid a dhéanamh le mic léinn maidir le hionracas acadúil agus caimiléireacht conartha.

### Cuir i láthair agus Seimineáir Ghréasáin ar Ionracas Acadúil

Chuir QQI a chuid oibre ar ionracas acadúil i láthair don lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn 2022, lena n-áirítear ag:

- Fóram Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta 2022 (Timisoara, an Rómáin)
- Cuibhreannas Eorpach um Chreidiúnú (ar líne)
- Cruinniú Iomlánach de Chomhairle na hEorpa ETINED (ar líne)
- Seimineár forbartha gairmiúla MTU (ar líne).

Rinne Cathaoirleach Ghrúpa Oibre Ionraicis Acadúil ENQA (Bainisteoir QQI Feabhsú Ionracas Acadúil & Tionscadail Straitéiseacha) agus comhghleacaí ón NVAO, an Ollainn, cur i láthair ar a bhfuil déanta go dtí seo ag Comhthionól Ginearálta ENQA (Stócólm, an tSualainn).

### An Fóram Náisiúnta um Ionracas Taighde (NFRI)

Tá QQI ina bhall de thionscnamh Phobal Cleachtais an Fhóraim Náisiúnta um Ionracas Taighde, a bhfuil sé mar aidhm aige pobail chleachtais a chothú.

**Déanfaimid measúnú agus monatóireacht láidir ar sholáthraithe príobháideacha maidir lena oiriúnaí atá siad chun dámhachtainí QQI a thairiscint agus slándáil a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí trínár maoirseacht ar an gciste reachtúil cosanta d'fhoghlaimeoirí.**

#### Rochtain Tosaigh ar Chlárbhailíochtú

Soláthraithe nár bhailíochtaigh QQI clár dá gcuid roimhe seo, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh ar mheasúnú ar a gcumas eagraíochtúil agus ar a ngnásanna um dhearbhú cáilíochta i gcomparáid lenár dtreoirlínte agus ár mbeartas bailíochtaithe.

Fuarthas seacht n-iarratas nua in 2022. Tháinig siad go léir ó sholáthraithe a d'iarr bailíochtaú do chláir BOO amháin.

Leanadh de sé n-iarratas, a rinneadh roimh 2022, a phlé in 2022. Ceadaíodh péire, agus tá péire fós sa phróiseas. Aistarraingíodh péire eile roimh an mheasúnú. (Féach Aguisín 1.)

### Caidreamh a athbhunú

Is ionann caidreamh a athbhunú agus an próiseas trina gcaithfidh soláthraithe oideachais agus oiliúna ar comhaontaíodh a ndearbhú cáilíochta (DC) le HETAC (Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna) nó FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) a léiriú go gcomhlíonann a gcórais rialachais agus DC treoirlínte dearbhaithe cáilíochta QQI.

Le linn 2022, fuarthas 75 iarratas ar chaidreamh a athbhunú. Ó sholáthraithe cláir BOO a tháinig siad ar fad. Féach Aguisín 2 le haghaidh achoimre ar ghníomhaíocht in 2022 chomh maith le hachoimre ar stádas an phróisis go dtí seo.

Sa tréimhse ó mhí Iúil 2018 nuair a cuireadh tús leis an bpróiseas athbhunú caidrimh, chuir 269 soláthraí san iomlán deireadh lena gcuid caidreamh le QQI mar sholáthraithe ábhartha agus mar sin níor ghá dóibh leas a bhaint as an bpróiseas chun caidreamh a athbhunú. Lean 59 de na soláthraithe seo de chláir a thairiscint ach faoi dhearbhú cáilíochta soláthraí eile.

### Síneadh ar raon feidhme an tsoláthair

Is féidir le soláthraithe atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar chlárbhailíochtú a bhfuil éilimh acmhainne agus/nó dearbhaithe cáilíochta acu atá i bhfad thar a bhfuil bailíochtaithe dóibh faoi áthair, iarratas a dhéanamh go leathnófaí a 'raon feidhme soláthair'. Cuimsíonn sé seo measúnú ar chumas an tsoláthraí an cineál nua soláthair a bhainistiú agus a cháilíocht a dhearbhú.

In 2022, bhí iarratas amháin den sórt sin ar leathnú an scóip chun cláir foghlama chumaisc a chuimsiú.

### Clárbhailíochtú

Is próiseas rialála é an bailíochtú trína gcinntear cibé an gcomhlíonann clár oideachais nó oiliúna soláthraí na critéir atá leagtha síos do dhámhachtain QQI. Gheofar achoimre in Aguisín 3 ar líon na n-iarratas cláir a próiseáladh in 2022.

Tagraíonn athbhailíochtú do phróiseas athnuachana do chláir a bhí bailíochtaithe roimhe seo ag QQI ach atá athraithe anois agus a dteastaíonn ceadú úr uathu. Gheofar achoimre in Aguisín 3 ar líon na n-iarratas cláir a próiseáladh in 2022.

Féachann QQI le cinntiú go gcuirtear 90% ar a laghad d'iarratais ar bhailíochtú i gcrích laistigh de 25 seachtaine (ón dáta a fhaightear an t-iarratas go cinneadh Choiste Feidhmiúcháin na gClár agus na nDámhachtainí QQI (CFCD).

I gaitheamh 2022, ba é 26 seachtain an fad meánach, agus ba é 42 seachtain an t-achar ab fhaide.

Nuair a thóg aon iarratas níos faide ná an spriocthréimhse, chuathas i gcomhairle leis an soláthraí i dtrácht i ngach cás agus thángthas ar chomhaontú.

Críochnaíodh 100% de na hiarratais ar athbhailíochtú laistigh den sprioc 25 seachtain.

## Cuirfimid le heispéireas foghlama ardchaighdeáin a chinntiú do mhic léinn idirnáisiúnta trí an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a eisiúint do sholáthraithe ardoideachais agus oideachais Bhéarla.

Bunaíodh aonad oideachais idirnáisiúnta nua go déanach in 2021 chun cur i bhfeidhm na reachtaíochtaleasaithe i ndáil le bunú an Mharc Idirnáisiúnta Oideachais (IEM) a bhainistiú. Is marc cáilíochta é an IEM a bhronnfar ar sholáthróirí ardoideachais agus oideachais Béarla a léireoidh go gcomhlíonann siad caighdeáin náisiúnta chun eispéireas ardchaighdeáin a chinntiú do mhic léinn idirnáisiúnta, ón gclárú go dtí go gcríochnaíonn siad a gclár oideachais agus oiliúna.

In 2022, d'fhoilsigh QQI sraith Páipéir Bhána a bhain le forbairt agus le cur i bhfeidhm an IEM. Áiríodh sna Páipéir Bhána dhá dhréachtchód cleachtais do sholáthraithe clár d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta: don Oideachas Béarla (ELE) agus Ardoideachas (HE). Áiríodh leo freisin dréacht-Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta nua do sholáthraithe Oideachais Béarla agus polasaí molta ar údarú chun an IEM a úsáid.

Chruthaigh an fhoireann IEM spás iarratais do sholáthraithe laistigh de thairseach soláthraithe QQI chun próiseas digitithe a éascú. Beidh soláthraithe in ann cuairt a thabhairt ar an tairseach in am trátha chun a n-iarratas a uaslódáil agus a stádas a sheiceáil. Tá próiseas láidir iarratais forbartha ag an bhfoireann freisin

atá trédhearcach, réasúnta agus cothrom d'iarratasóirí.

Le linn 2022, bhí comhairliúchán agus rannpháirtíocht rialta ann le geallsealbhóirí chun cabhrú le hullmhú do sheoladh an IEM.

Tugadh deis do pháirtithe leasmhara ar fud na n-earnálacha bualadh leis an bhfoireann oideachais Idirnáisiúnta chun aiseolas a sholáthar ar Pháipéir Bhána an IEM. Ina theannta sin, eagraíodh trí cheardlann ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha do sholáthróirí ELE, agus d'fhreastail 60 rannpháirtí ar an meán.

Go dtí seo tá suim léirithe ag breis is 100 soláthraí in iarratas a dhéanamh ar an Marc Oideachais Idirnáisiúnta.

# CÁS-STAIDÉÁR - ATHBHREITHNIÚ TIONSCNAIMH AR CHÁILÍOCHT I MBOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA – AN PRÓISEAS TUAIRISCITHE IAR-ATHBHREITHNITHE



Tugadh an t-athbhreithniú tionscnaimh ar éifeachtacht an dearbhaithe cáilíochta sna BOOanna chun críche i mBealtaine 2022. Rinneadh an t-athbhreithniú tionscnaimh i bhfoirm oll-athbhreithnithe, inar athbhreithníodh gach ceann de na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna déag laistigh d'fhráma ama réasúnta gearr, i dtrí chéim. Tá athbhreithniú déanta ar gach BOO agus foilsítear na tuarascálacha athbhreithnithe aonair ar shuíomh Gréasáin QQI.

Tionscnaíodh tionscadal i mí Aibreáin 2022 chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí seo a leanas:

1. Próiseas tuairiscithe iar-athbhreithnithe a dheimhniú, agus-
2. foireann tuairiscithe earnála a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar na 16 thuarascáil athbhreithnithe BOO.

Cuireann gach BOO Plean Gníomhaíochta isteach, freagairt ardleibhéil ar mholtaí, trí mhí tar éis fhoilsiú na tuarascála athbhreithnithe. Bíonn tuarascáil leantach eile le cur isteach 12 mhí tar éis fhoilsiú an Phlean Gníomhaíochta.

Chuaigh QQI i gcomhairle le hionadaithe ó na BOOanna chun an fhormáid thuairiscithe a shocrú. Bunaíodh sceideal cruinnithe chun a n-aiseolas a fháil ar an bpróiseas agus ar na dréacht-teimpléid tuarascála. Tá an teimpléad deiridh ar aon dul le hailt agus formáid na tuarascála athbhreithnithe agus an phlean gníomhaíochta. Tá alt breise ann ina spreagtar na BOOanna chun tionchar a gcuid próiseas DC agus cás-staidéir dea-chleachtais a roinnt.

Bhí an dáta ar a bheadh an tuarascáil leantach le cur isteach ailínithe le céimeanna an phróisis athbhreithnithe agus le dátaí chur isteach an phlean ghníomhaíochta. Tá BOOanna Chéim 1 lena dtuarascálacha leantacha a chur isteach i Ráithe 1, 2023.

# TOSAÍOCHT 3 #FORBAIRT

## - forbairt soláthraithe a chothú agus a spreagadh

### Tacóimid le hacmhainn chun cláir sholúbtha agus nuálacha a fhorbairt agus chun dearbhú cáilíochta láidir a bhaint amach sna boird oideachais agus oiliúna

Cuireadh tús i mí Feabhra 2022 leis an tríú céim agus an chéim dheireanach den athbhreithniú tionscnaimh ar bhoird oideachais agus oiliúna (BOOnna) nuair a tugadh cuairt fhíorúil athbhreithnithe ó fhoireann saineolaithe seachtracha ar BOO Thiobraid Árann chun críche. Ba í an chuairt athbhreithnithe fhíorúil ar BOO Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETB) i mBealtaine 2022 críoch an phróisis athbhreithnithe tionscnaimh. Ba iad na boird oideachais agus oiliúna a áiríodh i gCéim 3 ná BOO Thiobraid Árann, BOO na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB), BOO Lú agus na Mí (LMETB), BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin (KWETB), BOO an Longfoirt agus na hIarmhí (LWETB), BOO Bhaile Átha Cliath & Dhún Laoghaire (DDLETB) agus BOO Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETB). Foilsíodh an ceann deireanach de na tuarascálacha athbhreithnithe i mí na Samhna 2022. Foilsítear tuarascálacha athbhreithnithe ó gach ceann de na 16 BOO ar shuíomh Gréasáin QQI i leabharlann an athbhreithnithe.

Cuireann gach bord oideachais agus oiliúna plean gníomhaíochta isteach mar fhreagra ar mholtaí na tuarascála athbhreithnithe. Cuirtear na pleananna seo isteach trí mhí tar éis fhoilsiú na tuarascála athbhreithnithe. Foilsíodh 13 Phlean Gníomhaíochta a fuarthas ó BOO ar láithreán gréasáin QQI in 2022. Tá na trí phlean eile le teacht in 2023.

Chuaigh QQI i dteagmháil le hionadaithe ón earnáil BOO chun formáid a tháirgeadh don Tuarascáil Leantach, atá le teacht 12 mhí tar éis fhoilsiú an Phlean Gníomhaíochta. Tá an chéad chéim de BOOanna, ailínithe leis an gcéad athbhreithniú, le cur isteach ar a dTuarascáil Leantach i Ráithe 1, 2023.

Bunaíodh foireann tuairiscithe i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun na 16 thuarascáil athbhreithnithe a mheas, cruinnithe a bheith acu le príomhpháirtithe leasmhara agus torthaí ar leibhéal córais agus earnála a dhéanamh. bhí seachtar ball ar an bhfoireann tuairiscithe earnála a roghnaíodh as 16 fhoireann athbhreithnithe an BOO, agus áiríodh ionadaí foghlaimeora, ionadaí tionscail, agus comhaltaí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Ceapadh comhchathaoirligh idirnáisiúnta as measc chathaoirligh na n-athbhreithnithe tionscnaimh. Rinneadh an t-athbhreithniú earnála ó Dheireadh Fómhair 2022 go dtí Eanáir 2023. Seolfar an Tuarascáil Earnála go foirmiúil i Ráithe 1, 2023.

### Déanfaimid measúnú ar éifeachtacht agus leabú an dearbhaithe cáilíochta sna hollscoileanna teicneolaíochta nua atá ag athrú i gcónaí trínár n-athbhreithnithe cáilíochta institiúideacha.

Ba í Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an chéad ollscoil teicneolaíochta (TU) a thug faoi athbhreithniú cáilíochta seachtrach go déanach in 2021; foilsíodh an tuarascáil athbhreithnithe in 2022 agus tá sí le fáil ar shuíomh Gréasáin QQI i Leabharlann Athbhreithnithe QQI. mar aon le sonraí ar chomhdhéanamh na foirne athbhreithnithe saineolaithe.

Leathnaíodh Sceideal Athbhreithnithe Cinnte chun athbhreithniú ar na hOllscoileanna Teicneolaíochta go léir a chuimsiú. Ceanglaítear ar gach TU athbhreithniú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ocht mí dhéag tar éis a bhunaithe, agus cuireadh tús le cainteanna in 2022 le creat ama a chomhaontú le haghaidh

na n-athbhreithnithe do na ceithre ollscoil theicneolaíochta atá fágtha, i.e., Ollscoil Theicneolaíochta na Mumhan (MTU), Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS), Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU).

Spreagfaimid ollscoileanna uathrialacha chun a thaispeáint cé chomh héifeachtach agus atá siad ag déanamh monatóireachta agus ag feabhsú cháilíocht eispéireas an fhoghlaimeora sa taighde agus sa rannpháirtíocht phobail

## Athbhreithniú Institiúideach ar Ollscoil na hÉireann (NUI)

Foilsíodh na Téarmaí Tagartha don Athbhreithniú Institiúideach ar Ollscoil na hÉireann (OÉ) i mí an Mhárta 2022, agus tá an phríomhchuairtar an láthair den athbhreithniú beartaithe do Mhárta 2023. In Iúil 2022 a ceapadh an Fhoireann Athbhreithnithe. Chuir Ollscoil Éireann a Tuarascáil Féinmheastóireachta Institiúideach (ISER) isteach i mí na Nollag 2022.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Ardoideachas

Chuir Covid-19 moill ar athbhreithniú ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ar dtús bhíothas ag súil go mbeadh sé ar an gcéad institiúid ardoideachais a d'fhilleadh ar chuairt athbhreithnithe ar an láthair. Mar gheall ar ardú tobann ar chásanna Covid-19 go luath in 2022, b'éigean leanúint d de chuairteanna fíorúla athbhreithnithe, agus reáchtáladh príomhchuairt athbhreithnithe Choláiste na Tríonóide trí MS Teams i Márta 2022. Gheofar sonraí an Athbhreithnithe ar Choláiste na Tríonóide, lena n-áirítear comhdhéanamh na bhfoirne athbhreithnithe saineolaithe, dátaí lárnacha agus na tuarascálacha athbhreithnithe deiridh, ar láithreán Gréasáin QQI i Leabharlann Athbhreithnithe QQI.

## Cruinnithe Comhphlé Cáilíochta

Mar chuid dá fheidhm mhonatóireachta, seolann QQI cruinnithe comhphlé cáilíochta le hinstitiúidí ardoideachais. In 2022, reáchtáladh cruinnithe idir Meitheamh agus Meán Fómhair le 16 institiúid ardoideachais phoiblí lena n-áirítear ollscoileanna teicneolaíochta nua a bunaíodh i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine faoi seach. Tugann na cruinnithe comhphlé cáilíochta deis don QQI agus do na hinstitiúidí plé a dhéanamh ar thionchar agus ar éifeachtúlacht forbairtí agus feabhsuithe ar dhearbhú cáilíochta laistigh de chóras cáilíochta inmheánach na n-institiúidí le linn thréimhse na tuarascála. I measc na n-ábhar a d'eascair le plé ag na cruinnithe bhí an téarnamh ó Covid-19, an tionchar leanúnach ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú agus dúshláin nua a bhaineann leis an eispéireas ar an gcampas a abhunú do mhic léinn, forbairtí i dtaighde agus nuálaíocht, agus comhpháirtíochtaí atá ag fás leis an earnáil réigiúnach Breisoideachais agus Oiliúna (FET) agus le soláthar comhoibríoch agus trasnáisiúnta.

# TOSAÍOCHT 4 #LÉARGAS
## - anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú

Déanfaimid anailís ar an gcóras breisoideachais agus ardoideachais chun bonn eolais a chur faoi ailíniú agus comhtháthú níos dlúithe, chun fianaise a sholáthar ar an gcaoi ar féidir leis rogha níos leithne a sholáthar ag pointí trasdula agus bealaí dul chun cinn a chumasú ar fud institiúidí éagsúla agus eatarthu.

### Meastóireacht ar Inchomparáideacht Cáilíochtaí Ardteastais agus Ardteastais

Tá dámhachtainí breisoideachais agus ardoideachais ar leith ag NFQ Leibhéal 6 – an tArdteastas (FET) agus an tArdteastas (HE). Go stairiúil, bhí an dearcadh ann gurbh é an t-Ardteastas, seachas an Sainteastas, a mhéadódh seans an fhoghlaimeora dul ar aghaidh chuig dámhachtainí ardoideachais ag Leibhéal 7 agus níos airde.

In 2020, choimisiúnaigh QQI Ecctis, oibreoirí Lárionad Faisnéise Náisiúnta na RA chun cáilíochtaí agus scileanna idirnáisiúnta a aithint agus a mheasúnú, chun a chinneadh an bhfuil difríocht shuntasach idir an fhoghlaim a bhaineann le timthriall cláir an tSainteastais agus an clár an ardteastais mar a chuirtear i bhfeidhm é ag leibhéal 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Nocht an tuarascáil (a críochnaíodh i mí Iúil 2021 agus a foilsíodh in 2022) fíorbheagán difríochtaí agus go leor cosúlachtaí nuair a dhéantar comparáid idir dámhachtainí breisoideachais agus ardoideachais atá ann ag Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Déanfaimid anailís agus soláthróimid léargas ar shonraí agus ar threochtaí dámhachtainí QQI chun soláthraithe, lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí maoinithe agus straitéisí rialtais a chur ar an eolas

### Sraith Sonraí QQI

D'fhoilsigh QQI an ceathrú eagrán de Shraith Sonraí QQI, dar teideal 'dámhachtainí QQI agus forálacha gaolmhara: Ag féachaint siar ar na 10 mbliana deiridh'. Breathnaítear siar san anailís ar shonraí deimhniúcháin QQI le 10 mbliana anuas chun na treochtaí agus na hathruithe san éileamh ar dhámhachtainí QQI agus ar sholáthar gaolmhar na gclár a léiriú (i.e. cúrsaí, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna srl.). Tugann sé léargais ar an gcaoi a bhfuil forás tagtha ar an soláthar le deich mbliana anuas agus ar an gcaoi a bhfuil roinnt athruithe san éileamh ar dhámhachtainí QQI á dtiomáint ag riachtanais foghlaimeoirí, beartais agus an mhargaidh saothair.

Ó 2018, tá anailís bhliantúil ar shonraí deimhniúcháin QQI á foilsiú ag QQI. Soláthraíonn sé anailís ar dhámhachtainí QQI a dhéantar gach bliain de réir leibhéal CNC, aicme, réimse foghlama, cineál soláthraí agus próifíl foghlaimeora do sholáthraithe breisoideachais agus oiliúna agus do sholáthraithe ardoideachais áirithe. Foilsíodh an anailís ar shonraí deimhniúcháin QQI don bhliain 2021 i mí Feabhra 2022.

Áirítear san anailís ar shonraí deimhniúcháin QQI do 2022, a fhoilseofar i mí Feabhra 2023, anailís ghairid ar an gcaoi ar chuir srianta COVID-19 isteach ar líon foriomlán na ndámhachtainí a rinne QQI idir 2020 agus 2022.

### Anailísí staitistiúla

D'fhoilsigh QQI painéal idirghníomhach ar a shuíomh Gréasáin, inar cuireadh i láthair anailís staitistiúil nua ar shonraí deimhniúcháin Dhámhachtainí QQI chun léargas a thabhairt ar

an gcaoi, agus ar na réimsí ábhair, a bhféadfadh mic léinn Iar-Ardteistiméireachta (PLC) a bheith ag dul ar aghaidh chuig an ardoideachas trína nDámhachtain QQI.

### Ó BO go AO: feidhmíocht iarrthóirí iar-Ardteistiméireachta a bhfuil dámhachtainí BOO de chuidi QQI acu

Fuarthas tríd an anailís, a chuimsigh an tréimhse 2018 - 2021, go raibh:

1. Ghnóthaigh 52% d'fhoghlaimeoirí a fuair Dámhachtain QQI Iar-Ardteistiméireachta a bhí incháilithe d'áit ardoideachais in 2021 na huasphointí CAO ab fhéidir (390 pointe), méadú 31% ó 2018.
2. Tháinig laghdú 2% ar líon iomlán na n-iarrthóirí Iar-Ardteistiméireachta a fuair Dámhachtainí QQI in 2021 ó 2020 ach tháinig méadú 7% air idir 2019 agus 2020.
3. Ghnóthaigh duine amháin as gach ceathrar iarrthóirí Iar-Ardteistiméireachta idir 2018-2021 Dámhachtain QQI Leibhéal 5 CNC i Staidéar Altranais.
4. Ba ionann na 5 mhórdhámhachtain QQI i dtéarmaí líon na n-iarratasóirí CAO Iar-Ardteistiméireachta in 2020 agus 2021: staidéar altranais; staidéar gnó; seirbhísí sláinte pobail; staidéar sóisialta feidhmeach; agus teicnící saotharlainne.
5. Níor tháinig mórán athrú ar na meánphointí CAO idir 2020 agus 2021; ach mhéadaigh siad trí phointe céatadáin ó 2019 go 2020.

## Déanfaimid meastóireacht ar eispéireas na cianfhoghlama agus na foghlama cumaiscthe agus tabharfaimid treoir do mheasúnú barántúil ar mhaithe le heispéireas agus toradh feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí.

### Sraith Seimineár Foghlama Cumaiscthe

Leanadh den tSraith Seimineár ar Fhoghlaim Chumaisc isteach in 2022 le hócáid dírithe ar Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) le haghaidh seachadadh foghlama cumaisc in BOO agus AO, a bhí ar siúl ar líne i mí an Mhárta. Tá taifeadadh den imeacht agus deiceanna sleamhnáin na gcur i láthair ar fáil ar shuíomh Gréasáin QQI.

## Foilseoimid anailísí ar leibhéal an chórais agus óstálfaimid imeachtaí feabhsúcháin lena n-áirítear imeacht mullaigh bliantúil le príomhpháirtithe leasmhara ar phríomhthéama straitéiseach a chuimsíonn cáilíocht agus cáilíochtaí.

### Comhdháil Chothrom 10 mBliana QQI

D'óstáil QQI a chomhdháil shuntasach chothrom 10 mbliana 'Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú córais a chur i bhfeidhm' i bPáirc an Chrócaigh ar 18 agus 19 Deireadh Fómhair 2022 agus cláraíodh breis agus 300 toscaire le bheith i láthair.

Bhí saineolaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta agus comhghleacaithe ó gach cearn den Bhreisoideachas agus den Ardoideachas agus Oiliúint i láthair ag an gcomhdháil agus bhí fuarthas 130 aighneacht mar fhreagra suntasach ar an nglao póstaer comhdhála agus iarratais ar splanc-chainteanna. Sheol an tAire Simon Harris, TD, an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil (GAIN) a chomhbhunaigh QQI agus a chomhpháirtithe san Astráil, TEQSA (An Ghníomhaireacht um Chaighdeáin agus Cháilíocht Oideachais Treasaigh) ag an gcomhdháil.

Tá achoimre maisithe den chomhdháil le feiceáil sa mhúrmhaisiú le Ruth Graham ar na leathanaigh seo a leanas.

Tá taifeadtaí ón gcomhdháil agus ó dheiceanna sleamhnán na gcur i láthair ón seisiún iomlánach agus ó na seisiúin ar leithligh agus ó splanc-chainteanna tintrí le feiceáil ar shuíomh Gréasáin QQI.

## Cáilíocht, Dea-chleachtas agus Todhchaí Sheimineár Gréasáin an Chláir

Mar chuid dá chlár 10 mbliana, d'óstáil QQI 'Cáilíocht, Dea-Chleachtas agus Todhchaí an Chláir' go fíorúil ar 17 Bealtaine 2022.

D'fhreastail comhghleacaithe ó institiúidí ardoideachais poiblí agus príobháideacha agus ó chomhlachtaí gairmiúla, reachtúla agus rialála (PSRBanna) in Éirinn ar an imeacht agus dhírigh sé ar nuálaíochtaí i ndearadh agus i seachadadh clár agus pléadh na dúshláin a bhaineann le cláir agus eispéireas foghlaimeora. Rinneadh tagairt freisin do na ceithre anailís théamacha a choimisiúnaigh QQI ar chreidiúnú/bailíochtú agus ar mhaoirseacht institiúideach ar chláir agus is féidir iad a fheiceáil ar ár leathanach Insights anseo: Our Insights | Quality and Qualifications Ireland (qqi.ie)

Tá taifeadadh den imeacht agus deiceanna sleamhnáin na gcur i láthair ar fáil le féachaint orthu ar láithreán gréasáin QQI.

## Measúnú agus Muinín as Cáilíochtaí Ardoideachais atá san áireamh i gCreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí – Tograí Maoinithe Chothrom 10 Bliana QQI

Go heisceachtúil, chun comóradh a dhéanamh ar 10 mbliana, d'eisigh QQI glao ar thograí deontais in 2022 mar chabhair chun móiminteam a spreagadh i scoláireacht measúnaithe agus/nó i bhforbairt ghairmiúil a bhaineann le measúnú i gcomhthéacs CNC. Bhí freagra láidir ar an nglao agus fuair QQI 34 iarratas ar mhaoiniú. Fógraíodh na torthaí i mí Eanáir 2023.

## Athbhreithniú ar phrintíseachtaí faoi stiúir cuibhreannas in Éirinn.

Leagtar amach sa tuarascáil seo, a foilsíodh i mí na Samhna 2022, torthaí athbhreithnithe a choimisiúnaigh QQI ar na socruithe um dhearbhú cáilíochta, rialachais agus próisis a forbraíodh do na 39 printíseacht faoi stiúir cuibhreannais, a bhí bunaithe faoi lár na bliana 2021.

Agus é sin á dhéanamh, tugann an tuarascáil léargas ar éagsúlacht tionscal, slite beatha samhlacha seachadta agus leibhéil cháilíochta a bhí ar chumas na samhla printíseachta faoi cheannas cuibhreannais ó cuireadh tús leis an tsamhail in 2016.

## Rethinking Assessment: Learner Focus Groups

Mar chuid den tionscadal Rethinking Assessment: Stakeholder Perspectives, d'eagraigh QQI, i gcomhoibriú le hAontas na Mac Léinn in Éirinn, Aontas Mac Léinn UCD, Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath, AHEAD, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, ocht gcinn d'fhócasghrúpai d'fhoghlaimeoirí ar an measúnú idir Aibreán agus Meitheamh 2022. Bhí sé cinn de ghrúpaí ardoideachais agus dhá cheann de ghrúpaí breisoideachais agus oiliúna i gceist ann. Thug na foghlaimeoirí a gcuid tuairimí uathu agus a gcuid smaointe ar raon leathan nithe a bhaineann le measúnú. Rinne QQI anailís ar na tras-scríbhinní agus déanfar cur síos ar na torthaí a thuairisciú ag Comhdháil Measúnaithe Let's Talk About Assessment de chuid QQI i mí Eanáir 2023. Foilseofar doiciméad Insight QQI ar na torthaí in 2023 freisin.

> Déanfaimid anailísí ar leibhéal an chórais ar thorthaí athbhreithnithe cáilíochta breisoideachais agus ardoideachais chun bonn eolais a chur faoi chur chuige nua agus nuálaíoch i leith dearbhú cáilíochta institiúideach.

## Léargais ar Cháilíocht san Ardoideachas

In 2022, bhí QQI ag fáil tuarascálacha cáilíochta bliantúla i gcónaí ó gach institiúid ardoideachais a rialaítear go poiblí agus ó 24 institiúid ardoideachais neamhspleácha agus phríobháideacha. Foilsítear na tuarascálacha bliantúla cáilíochta seo ar shuíomh Gréasáin QQI agus clúdaíonn siad an tréimhse tuairiscithe 2020-21.

Táirgeann QQI tuarascálacha sintéise ar na

Tuarascálacha Bliantúla Cáilíochta i gcónaí mar chuid dá Shraith Insights. Aithníonn sintéis na cáilíochta san ardoideachas príomhthéamaí sna Tuarascálacha Cáilíochta Bliantúla i dtaca le forbairt cáilíochta agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin arna dtuairisciú ag na hinstitiúidí. Aibhsíonn agus scaipeann na tuarascálacha sintéise dea-chleachtas agus sainaithnítear príomhréimsí fócais don earnáil ardoideachais le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá sintéis AQR 2022 beagnach críochnaithe agus, mar a bhí sna blianta roimhe seo, áireofar tuarascálacha a chlúdóidh an earnáil ardoideachais phoiblí agus phríobháideach araon.

D'fhonn cuid de na réimsí dea-chleachtais i ndearbhú cáilíochta agus cleachtais fheabhsaithe ar fud na hearnála AO a léiriú agus chun go mbeidh rochtain níos éasca ag páirtithe leasmhara air, tá bunachar sonraí curtha i dtoll a chéile ag QQI de bhreis is 200 cás-staidéar a tógadh ó AQRanna na ninstitiúidí ardoideachais poiblí agus príobháideacha/neamhspleácha araon. Soláthraíonn an bunachar sonraí fianaise shaibhir ar dhearbhú cáilíochta i ngníomh agus is acmhainn luachmhar DC é chun dea-chleachtas agus tionscnaimh a roinnt. Leanfaidh QQI ag obair ar an acmhainn seo agus ag cur leis. Tá an bunachar sonraí seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin QQI.

# **CÁS-STAIDÉAR** - TUARASCÁIL EARNÁLA AR AN ATHBHREITHNIÚ TIONSCNAIMH AR BOOnna



Tar éis an t-athbhreithniú tionscnaimh i ngach ceann de na BOOanna a thabhairt chun críche, bhunaigh QQI foireann tuairiscithe earnála chun torthaí ar leibhéal an chórais a d'eascair as an bpróiseas athbhreithnithe tionscnaimh a aithint. Tá an cúram ar an bhfoireann forbhreathnú neamhspleách a sholáthar ar dhearbhú cáilíochta ar fud na hearnála BOO. Tabharfaidh an tuarascáil earnála treoir agus múnla do chinnteoireacht straitéiseach amach anseo maidir le forbairt leanúnach ar dhearbhú cáilíochta laistigh den earnáil.


Is é cuspóir na tuarascála earnála ná an próiseas athbhreithnithe tionscnaimh a chomhlánú agus tacú le feabhsú cháilíocht an bhreisoideachais agus na hoiliúna sna boird oideachais agus oiliúna ar leibhéal earnála. Tugann an tuarascáil earnála le chéile na saincheisteanna suntasacha a d'aithin foirne athbhreithnithe ar fud na hearnála.

Roghnaigh QQI foireann na tuarascála earnála agus roghnaíodh seachtar ball as na sé fhoireann athbhreithnithe BOO déag, agus bhí ionadaí foghlaimeora, ionadaí tionscail, agus baill náisiúnta agus idirnáisiúnta araon san áireamh. Ceapadh comhchathaoirligh idirnáisiúnta as measc chathaoirligh na n-athbhreithnithe tionscnaimh. Murab ionann agus an tuarascáil athbhreithnithe, ceapadh ball amháin go sonrach chun an tuarascáil a scríobh.

Rinneadh an t-athbhreithniú earnála ó Dheireadh Fómhair 2022 go dtí Eanáir 2023. Chun an tuarascáil earnála a chríochnú, rinne an fhoireann anailís ar 16 thuarascáil athbhreithnithe BOO, agus rinne siad agallaimh phearsanta agus fhíorúla le hionadaithe ón earnáil BOO agus le príomhpháirtithe leasmhara eile.

Áirítear ar thorthaí na tuarascála earnála moltaí don earnáil BOO agus do QQI maidir le conas dearbhú cáilíochta a fhorbairt san earnáil. Seolfar an Tuarascáil Earnála go foirmiúil i Ráithe 1, 2023.


STRENGTHENING STRATEG
PARTNERSHIP TO EFFECT
SYSTEM CHANGE
10TH ANNIVERSARY CONFERENCE
WELCOME!
COVID DIDN'T CREATE the TRENDS
IT ACCELERATED THEM
NOW, 'THERE'S NO GOING BACK!'
SHARE CHALLENGES, OPPORTUNITIES and IDEAS!
HIGHER EDUCATION SYSTEMS DIFFER HUGELY ACROSS the GLOBE - but our ISSUES are SIMILAR
DR. TERRY HARTLE AMERICAN COUNCIL on EDUCATION
IT'S an OPPORTUNITY to INNOVATE - to DO THINGS DIFFERENTLY and BETTER
"COMPARED to OTHER SPECIES, HUMANITY is BARELY an INFANT STRUGGLING TO WALK"
lets TAKE THOSE STEPS!
TRANSFORMATION IS WONDERFUL But you NEED the INFRASTRUCTURE
IT'S IMPORTANT to REMEMBER the DEEP-SEATED STRUCTURAL INEQUALITIES AT PLAY
"PARTNERSHIP and COLLABORATION is CRITICAL" (NOT JUST NATIONAL BUT INTERNATIONAL!)
← JOANNE HARMON CHAIR, QQI BOARD
LET'S LOOK OUT BEYOND OURSELVES
"SCAN the HORIZONS"
IT'S HARDER TO COLLABORATE GLOBALLY WHEN COUNTRIES ARE PULLING APART
- Tony Connelly, RTE
FIGHT BACK!
ASK: IS THE UNDERLYING PEDAGOGY CHANGING?
LOOK THROUGH the EYES of the LEARNER
DR TERRY HARTLE
T vs T
SMALL 'T'
BIG 'T'
WATCH OUT FOR 'FALSE CLARITY'!
IF the CRIMINALS are GOING TO GET ORGANISED AT A GLOBAL LEVEL, WE'RE GOING TO BE BETTER ORGANISED
(FUNDING V STUDENTS)
ON HIGHER EDUCATION: TO MANY, BECAUSE of HIGH PRICES, THE KEY (IF NOT the SOLE) CONSIDERATION IS HOW MUCH MONEY YOU EARN AFTERWARDS.
WE ARE COMMITTED TO PROVIDING BETTER INFORMATION and OPPORTUNITIES FOR LEARNERS
DR PADRAIG WALSH QQI
ASSURANCE
IT'S AN ACTIVE WORD.
DIGITAL TRANSFORMATION CAN RESULT in The BUTTERFLY
BUT IT'S OFTEN JUST A FAST CATERPILLAR!
UPHOLDING ACADEM
INTEGRITY is CRITICAL
IT PROTECTS WIDER SOCIETY
FOR ANY of our INSTITUTIONS TO BE GOOD the SYSTEM NEEDS TO BE GOOD
"WE ARE THE BADDEST ON THE BAD GRAPH!"
DR LINDA DOYLE, TRINITY COLLEGE DUBLIN
"DIGITAL TRANSFORMATION is LIKE FLY SPRAY"
AT FIRST
AFTER A WHILE - THERE'S NOT THAT MUCH TO SEE!
NOT EVERYONE LIKES the SMELL
A SOCIAL FOUNDATION = IMPORTANT
IF WE WANT TO THRIVE WE NEED TO FIRE on ALL CYLINDERS!
(= STAFF and STUDENTS)
OUR VISION?
AGILITY in HIGHER EDUCATION
The Future?
WE WANT TO PREPARE STUDENTS TO THRIVE IN A WORLD of UNPRECEDENTED CHANGE
→ TO BE FUTURE CAPABLE, NOT 'FUTURE-PROOF'.


Look at where your learners are - be proud of that - but not satisfied (positive restlessness)
Put TALENT at the heart of research & innovation
Ireland is punching above its weight in Europe because of QQI!
DAY 2
There's no stronger partnership than one that dissolves the partners
The CHALLENGE
50-50
There are great opportunities post-Brexit
To re-evaluate and re-balance the numbers of learners participating in further education
Our students will go out into a diverse and globally connected environment
How will you know if you're going in the right direction
If you're not listening to learners
Partnership has always been in the DNA of the technological universities
WE
It's no longer them and us - there is now only WE
A unified system provides a strong FOUNDATION
There are many different ways that people can find their way to learning and all are VALID
Honour student voice
Could this be formalised?
Ask whose voices are we not hearing
As active agents and partners!
The data
The evidence needs to be in the hands of the people who can use it
Celebrate achievement wherever it happens (not just university)
Adult education is a beacon of hope!
Remember we're not all in the same boat
INSPIRE
People to achieve things rather than demand that they do them
It all starts in the classroom
Together Everything Can Happen!
Let's value DIFFERENCE
You're ahead of us!
Simon Harris, TD
We want to EMBED CHANGE, not simply have it as a tick box exercise
Build in equity or there will be a risk & bias
What's next for apprenticeships?
New structures
New pipelines
New communications
The main aim is to protect learners from these predatory practices
We have all the tools
Focus on CULTURE
Every solution will have holes
There's no silver bullet
Quality is a dynamic concept
It reflects the wider landscape
"If we work together our GAIN will be their loss."
Digital rucksack
Micro credentials are for everyone!
The biggest mistake we could make is all to look the same
Can share their qualifications and credentials
Dead end
We want to make sure that there's a path back from academic misconduct
A culture of sharing not protectionism
Culture is a co-owned idea
Courageous conversations
Can upload microcredentials
Redirect our moral compass
Ethical practices
Climate change and our response affect everything we do
Practical
Research
How we interact with knowledge has changed!
We have a responsibility to translate and distil this information
Think about promoting integrity rather than punishing misconduct
Public confidence is essential
It has to be earned, sustained, nurtured.
How will win?
We care about our students
Global
Local
Everything needs to move together
Quality assurance is a key tool to underpin trust
The culture of academic integrity belongs to everyone
Engagement is a marathon not a long sprint!
You know what quality is when it's gone.
QQI
10 YEARS

# PRÍOMHCHUMASÓIR 1 #COMHPHÁIRTÍOCHT - comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú córais a bhaint amach

Déanfaimid ár ndícheall chun tionchar a imirt ar an mbeartas oideachais agus oiliúna tríd an teagmháil atá againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí, le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara eile.

### Creat Comhairliúcháin Athbhreithnithe foilsithe

Leasaigh QQI a chreat comhairliúcháin in 2022 chun ár gcur chuige i leith an chomhairliúcháin a thabhairt suas chun dáta. Tá an creat leasaithe agus an togra don tuarascáil foilsithe ar láithreán gréasáin QQI.

Foilsíonn QQI freagraí scríofa ar ár gcomhairliúchán foirmiúil le cead freagróirí mar aon le haighneachtaí ó QQI chuig comhairliúcháin sheachtracha. Tá siad seo le léamh ar ár láithreán gréasáin.

### Fóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann (IQQF)

Bunaíodh Fóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann (IQQF) chun plé ardleibhéil a chumasú ar shaincheisteanna cáilíochta agus cáilíochtaí ag leibhéal an chórais náisiúnta mar an fhorbairt a dhéanfar ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus ar an mbonneagar um dhearbhú cáilíochta oideachais amach anseo.

Tionóladh an chéad chruinniú de ghrúpa na gcomhlachtaí dámhachtana reachtúla (SABG), atá mar chuid den IQQF, i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Beidh an grúpa seo ag teacht le chéile, agus leathnófar an Fóram chun ionadaithe ó chroí-réimsí eile a chuimsiú de réir mar a bhreithneoidh an fóram tuilleadh tosaíochtaí.

Cuideoimid le meicníochtaí a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach na bhfoghlaimeoirí i gcáilíocht a gcuid oideachas agus oiliúint trínár gcuid oibre le comhlachtaí ionadaíocha foghlaimeoirí agus tacaíochta.

### Ár gcuid oibre le foghlaimeoirí

LeQQI ar aghaidh ag aithint deiseanna chun oibriú le foghlaimeoirí. Mar bhaill, chuireamar ábhar le grúpaí náisiúnta éagsúla ar nós Grúpa Comhairleach an Fhóraim Foghlaimeoirí BOO Náisiúnta faoi cheannas Aontas agus an Grúpa Anailíse agus Tionchair The StudentSurvey. ie. Lean QQI freisin, lenár gcomhpháirtithe, an ÚAO agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI), le hobair an Chláir Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn (NStEP) a stiúradh.

Rinne QQI urraíocht freisin ar phainéil moltóirí do Dhámhachtainí Aontas STAR 2022 (catagóir Ghuth an Fhoghlaimeora) agus Gradaim Ghnóthachtála Mac Léinn USI 2022 (Ionadaí Acadúil na Bliana) agus ghlac sé páirt iontu.

Tá QQI ag obair go dlúth freisin le comhghleacaithe USI agus NStEP ar an ngrúpa oibre Rannpháirtíochta Mac Léinn Iarchéime, atá ag tuairisciú don Fhóram Comhairleach um Chreat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta.

### An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn (NStEP)

I mí na Bealtaine 2022, sheol NStEP Straitéis NStEP 2022-2025 ag comhdháil 2022 NStEP lena comhpháirtithe, an ÚAO, QQI, agus USI. Áiríodh le forbairt na straitéise seisiúin chomhairliúcháin leis an bhfoireann, le mic léinn agus le hionadaithe mac léinn, ceistneoir ar líne agus athbhreithniú ar 114 tuairisc ó ionadaithe ranga agus 759 foirm aiseolais oiliúna. Tar éis

an chomhairliúcháin, aithníodh na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

a. An luach a bhaineann le rannpháirtíocht na mac léinn ag an leibhéal náisiúnta a neartú
b. Cumais cheannaireachta na mac léinn in ardoideachas na hÉireann a fhorbairt
c. Tacú leis an bhfoireann chun comhpháirtíocht bhríoch a chruthú agus a chothú le mic léinn.

Cuireadh tús leis na chéad chúrsa oscailte *Steps to Partnership* in 2021 agus críochnaíodh é go luath in 2022. Baill foirne a chuir isteach plean rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta mac léinn (SEPP) chun a suaitheantas digiteach a fháil, fuair siad aiseolas freisin ó mhic léinn ar a gcuid oibre.

Sa bhliain acadúil 2021-2022, sheachaid oiliúnóirí NStEP 114 seisiún oiliúna agus chríochnaigh 1,252 mac léinn modúil go pearsanta nó ar líne; reáchtáladh an imeacht bliantúil 'Oiliúint don oiliúnóir' i bhfoirm phearsanta don chéad uair ó 2019.

Lean NStEP den obair le QQI agus le USI chun mic léinn a earcú agus a oiliúint chun páirt a ghlacadh i bpainéil athbhreithnithe um dhearbhú cáilíochta chun cleachtais in institiúidí ardoideachais a mheas.

I mí na Nollag 2022, reáchtáladh an chéad ócáid i bhfoirm phearsanta de chuid an Líonra Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn ó 2019 i leith, in Ollscoil Mhá Nuad. Áiríodh le téamaí na hócáide rannpháirtíocht na mac léinn i ngníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta agus feabhsaithe, tacú le mic léinn i gcúrsaí rialachais agus cinnteoireachta, comhpháirtíocht mac léinn sa mheasúnú agus comhpháirtíocht mac léinn i seirbhísí mac léinn.

Tá NStEP ag comhoibriú le 25 institiúid chun comhpháirtíochtaí idir mic léinn agus foirne a iniúchadh agus a leabú tuilleadh agus chun deiseanna rannpháirtíochta mac léinn ar fud earnáil ardoideachais na hÉireann a mhéadú.

Cuireann NStEP fáilte i gcónaí roimh spéis ó institiúidí ardoideachais eile ina bheith páirteach sa chlár.

### Student Survey.ie: Grúpa Tionchair & Anailíse

Le linn 2022, forbraíodh modúl nua tráthúil ar ionracas acadúil, rinneadh tástáil air agus tugadh chun críche é le cur san áireamh i StudentSurvey.ie 2023.

Chuir Grúpa Tionchair agus Anailíse SS.ie uirlisí nua anailíse ar fáil do na hinstitiúidí ardoideachais, lena n-áirítear InTouch Dashboard, chomh maith le tuarascáil bhliantúil ar na sonraí náisiúnta.

Bronnadh sparánachtaí taighde ar iarratasóirí ó institiúidí ardoideachas le haghaidh taighde cáilíochtúil a bhain leis an dá shuirbhé.

### Fóram Comhairleach an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta (NFDE).

In 2022, d'aontaigh na comhchathaoirligh, QQI agus an ÚAO, agus baill an Fhóraim Chomhairligh athnuachan a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta (NDFE) reatha. D'aontaigh baill an Fhóraim go raibh sé seo tráthúil i bhfianaise na n-athruithe ar an tírdhreach oideachais dochtúireachta ó 2015 i leith agus an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na grúpaí oibre chun moltaí ó thuarascáil 2021 European University Association (EUA) Solutions : tuarascáil ar chur i bhfeidhm an NFDE ag institiúidí ardoideachais Éireannacha a chur i bhfeidhm. Meastar go gcríochnófar an tionscadal NFDE athnuaite in 2023.

Ar na grúpaí oibre a bunaíodh go dtí seo tá:

- An Grúpa Oibre um Próifíl Gairme
- An Grúpa Oibre um Rianú Gairme
- An Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht Mac Léinn Iarchéime

Cabhróimid chun an forluí idir chleachtais meastóireachta clár a laghdú trí oibriú le comhlachtaí rialála gairmiúla agus reachtúla agus le hinstitiúidí ardoideachais.

### Teacht ar Chomhthuiscint

Lean QQI lena rannpháirtíocht le comhlachtaí gairmiúla, reachtúla agus rialála (PSRBanna) in 2022 tríd an gclár Teacht ar Chomhthuiscint agus trí dheiseanna rannpháirtíochta eile. I measc na n-ábhar a pléadh le linn imeachtaí Teacht ar Chomhthuiscint, bhí peirspictíochtaí ar fhorbairt agus ar úsáid micridintiúir laistigh d'Éirinn agus níos faide i gcéin, agus cuir chuige maidir le foghlaim chomhtháite oibre agus socrúcháin in Éirinn agus san Astráil, le hionchur ó Professions Australia.

Rinne QQI cur i láthair do Chumann Idirghairmiúil na hÉireann (IIPA) ar an gclár Finding Common Ground i bhFeabhra 2022. Thug sé cuir i láthair d'eagraíochtaí aonair freisin i rith na bliana ar na Prionsabail um Theagmhálacha Gairmiúla le Soláthraithe Oideachais. Is é aidhm na bprionsabail seo róil agus freagrachtaí na ngníomhaithe uile a bhfuil baint acu le creidiúnú gairmiúil agus acadúil a shoiléiriú agus ualach riaracháin neamhriachtanach a eascraíonn as dúbailt nó forluí idir próisis den sórt sin a laghdú. D'fhormhuinigh roinnt eagraíochtaí breise na prionsabail le linn 2022, rud a thug líon iomlán na n-eagraíochtaí formhuinithe (PSRBanna agus Institiúidí Ardoideachais) go 36.

Leanfaimid orainn de thionchar a imirt agus de chabhrú chun dea-chleachtas i ndearbhú cáilíochta agus i gcáilíochtaí a bhaint amach trínár gcaidreamh straitéiseach le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta san Eoraip agus ar fud an domhain a dhoimhniú.

### An Lárionad Náisiúnta Europass (NEC) agus an Creat Eorpach Cáilíochtaí (EQF) Tionscadal Gníomhaíochta Comhpháirteach Pointe Teagmhála Náisiúnta 2021-2023

Faomhadh tionscadal Europass agus EQF-NCP Éire 2021-2023 faoin gClár ERASMUS+. Tacaíonn an comhthionscadal seo le cur chun cinn agus cumarsáid leanúnach an ardáin nua uasghrádaithe Europass agus an EQF dár bpríomhpháirtithe leasmhara ar fud na réimsí ardoideachais agus breisoideachais agus don phobal i gcoitinne. I measc phríomhthosaíochtaí EQF don tionscadal tá scéim a fhorbairt do Chomhlachtaí Dámhachtana Liostaithe agus dámhachtainí a chuimsiú sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ); cur chun cinn leanúnach an CNC; agus Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ) a chomhtháthú le hardán Chlár Thacair Sonraí na gCáilíochtaí (QDR) agus ullmhú do dhintiúir dhigiteacha.

Reáchtáil an tIonad Náisiúnta Europass Cruinniú Bliantúil Ghrúpa Tagartha an Aontais ar bhonn fíorúil do Ghníomhaireachtaí DFHERIS agus bhí timpeall 55 duine i láthair. Chomh maith le himeachtaí bolscaireachta fíorúla, tugadh faoi imeacht idirghníomhaireachta agus leabhrán comhoibríoch ar Shoghluaisteacht Eorpach mar phríomhghníomhaíocht do Europass/EQF/Eurodesk/EURES. D'fhreastail lucht Europass freisin ar imeacht Náisiúnta an Choimisiúin Eorpaigh chun Bliain Eorpach na hÓige a chomóradh ag an bhForas Eorpach um Obair agus Maireachtáil (Eurofound) i mBaile Átha Cliath.

Tugadh an tionscadal roimhe seo don tréimhse 2018 – 2020 chun críche agus fuarthas íocaíocht ón gCoimisiún Eorpach tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an tuarascáil deiridh. Freastalaíodh go fíorúil agus go pearsanta ar chruinnithe Líonra agus Grúpa Comhairleach don dá shnáithe in 2022 ag leibhéil náisiúnta agus AE lena n-áirítear Cruinniú Tagartha Bliantúil AE de chuid Ghníomhaireachtaí DFHERIS.

## Grúpa um Chreataí Cáíliochta de chuid Cúig Thír

Óstáladh i mí Eanáir cruinniú bliantúil ghrúpa um chreataí cáilíochtaí de chui cúig thír. Thug an cruinniú dhá lá seo údaráis cháilíochtaí, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta agus oifigigh rialtais le chéile. Deis iontach a bhí sa chruinniú idirphlé agus malartú beartais a dhéanamh ar fud RA agus na hÉireann. Cuireann an grúpa ailíniú idir córais náisiúnta cáilíochtaí chun cinn, ag soláthar faisnéise ar ár gcórais cháilíochtaí frithpháirteacha laistigh den chomhlimistéar taistil mar le haon nuashonrú bliantúil ar an treoir 'Qualifications Can Cross Boundaries' (Féadann Cáilíochtaí Teorainneacha a Thrasnú').

## 29Ú Cruinniú Bliantúil ENIC-NARIC arna óstáil i mBaile Átha Cliath

Ba é QQI, arna ionadú ag NARIC Ireland, a d'óstáil an 29ú comhchruinniú Bliantúil líonraí ENIC-NARIC i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh ar a fhreastail breis agus 140 toscaire ón bpobal ENIC-NARIC i gcoitinne. Bhí an cruinniú ar siúl ar Champas Ghráinseach Ghormáin ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ba é seo an chéad imeacht ENIC-NARIC ina raibh daoine i láthair go pearsanta le 3 bliana agus mheall sé lucht freastail ón Astráil go dtí an Chasacstáin. Ba é an Coimisiún Eorpach a mhaoinigh agus i measc na n-ábhar spéise bhí nuashonruithe ar dhul chun Choinbhinsiúin Liospóin, Réigiúnach agus um Aithint Dhomhanda, Digitiú, Aitheantas Cáilíochtaí Dídeanaithe agus 'micreachreidmheasanna'.

# PRÍOMHCHUMASÓIR 2 #BARR FEABHAIS

## - barr feabhais eagraíochtúil a chothú

Déanfaimid deiseanna dár ndaoine óga a fhorbairt agus a sholáthar trí iarrachtaí leanúnacha chun lucht saothair lúfar, gafa, freagrúil agus spreagtha a chur le chéile.

### Mol Foghlama QQI

Leanamar lenár sraith Mol Foghlama chun cabhrú le comhghleacaithe níos mó a fhoghlaim faoi thionscnaimh agus faoi thionscadail inmheánacha agus seachtracha. In 2022, chuimsigh sé seo nuashonruithe ó Aontas ar thorthaí an daonáirimh ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus ón Údarás um Ard-Oideachas ar a Suirbhé ar Thorthaí do Chéimithe 2021.

Déanfaimid ionad oibre QQI a atheagrú trí TFC a úsáid le haghaidh obair chianda agus obair chumaisc agus inbhuanaitheacht a leabú inár bpróisis oibre.

Tar éis tréimhse cianoibre ó Mhárta 2020, d'aistrigh foireann QQI chuig oibriú cumaisc i Ráithe 4, 2022. Chun cabhrú leis an aistriú seo agus chun freastal ar thimpeallacht oibre chumaisc, rinneadh uasghrádú ar an deasc TFC agus cuireadh teicneolaíochtaí tacaíochta ar fáil do na seomraí cruinnithe chun cruinnithe hibrideacha a éascú. Críochnaíodh oibreacha feabhais breise chun an líonra TFC a neartú, agus dá réir sin a iontaofacht agus a stóinseacht do na socruithe nua oibre a thacú. Coinneofar soláthar oibre cumaisc, lena n-áirítear leagan amach oifigí agus bonneagar, faoi athbhreithniú.

Léireoimid sárchleachtas de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú agus cloífear le hoibleagáidí ábhartha reachtúla agus rialála.

### Comhlíonadh an Chóid Chleachtais

Comhlíonann QQI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Chuir QQI seicliosta comhlíonta i láthair i nDeireadh Fómhair 2019 maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Díríodh ar an aon mhaolú atá amuigh fós, madir leis an gCód Caiteachais Phoiblí, agus tuairiscíodh air i dTuarascáil Bhliantúil 2019. Thug QQI an scéala is déanaí don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus thuairiscigh sé maidir le comhlíonadh an Chóid Chleachtais le linn 2022. Mar sin ní raibh aon mhaolú fágtha ar an 31 Nollaig 2022.

### An Cód Caiteachais Phoiblí

Cloíonn QQI leis an gCód Caiteachais Phoiblí tri:

- Bheartas Ceannaigh agus Soláthair a bheith aige ina leagtar amach go soiléir na riachtanais agus na leibhéil údaráis atá ag ceannaitheoirí
- chinntiú go dtacaíonn gach mír chaiteachais neamhghnáthach le comhlíonadh phlean straitéis agus corparáideach QQI
- chun luach ar airgead a chinntiú i gcás gach caiteachais
- chun iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthar agus ar cheannach chun a chinntiú go gcloítear le dea-chleachtas
- chun an fhoireann a spreagadh le bheith feasach ar chostas na seirbhísí ionas nach dtabhófar aiteachas neamhriachtanach.

### An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Tuairiscíonn QQI ar thorthaí chuig a rannóg líne, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta trí Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta, ar

riachtanas é faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá nasc ann idir an Comhaontú Seachadta Feidhmíochta, a cheaptar agus a aontaítear gach bliain, agus cuspóirí i bPlean Corparáideach QQI atá bunaithe ar Ráiteas Straitéis QQI 2022-2024. Forbraíodh agus comhaontaíodh Comhaontú Maoirseachta trí bliana gaolmhar freisin leis an Roinn (a chlúdaíonn an tréimhse 2021-2023). Buaileann QQI le hoifigigh na Roinne cúpla uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn faoi na comhaontuithe.

## An fheidhm iniúchta inmheánaigh

Tá plean iniúchta inmheánach de réir a chéile trí bliana 2021 – 2024 ag QQI a ndéantar athbhreithniú air go bliantúil. Déantar iniúchadh inmheánach ar gach ceann de phríomhfheidhmeanna corparáideacha agus gnó QQI. Ó Mhárta 2020, ordaíodh don fhoireann athrú go cianobair mar gheall ar shrianta an rialtais. Mar thoradh air sin, ó lár mhí an Mhárta 2020 agus suas go dtí mí Dheireadh Fómhair 2022, rinneadh iniúchtaí go cianda.

Dearadh an córas rialachais, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach in QQI chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur le gach riosca teipthe chun aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach. Tá ardbhainistíocht QQI freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh. Ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha a bhunaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Críochnaíodh athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2021 in 2022, mar a cheanglaítear leis an gCód, agus cuireadh ar aghaidh chuig an Údarás é lena bhreithniú ag a chruinniú i mí Feabhra 2022.

## Feidhm an iniúchta sheachtraigh

In 2022, tugadh cuireadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) i gcomhréir leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), trína molann sé go rachaidh an tÚdarás agus an Coiste Iniúchóireachta i mbun plé leis na hiniúchóirí seachtracha ar a laghad uair sa bhliain, gan comhaltaí feidhmiúcháin an Údaráis nó fostaithe de chuid an chomhlachta Stáit a bheith i láthair, chun a chinntiú nach bhfuil aon cheisteanna imní gan réiteach. D'fhreastail oifigeach den Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 21 Deireadh Fómhair 2022.

# **CÁS-STAIDÉAR** - LÍONRA DOMHANDA UM IONRACAS ACADÚIL (GAIN) Á BHUNÚ CHUN CAIMILÉIREACHT CONARTHA A CHOMHRAC



D'fhéadfadh caimiléireacht conarthaí agus cineálacha eile calaoise acadúla dochar suntasach a dhéanamh dár gcórais cáilíochtaí náisiúnta. Is saincheisteanna domhanda iad seo a dteastaíonn cur chuige comhoibríoch trasteorann uathu chun iad a chomhrac.

Mar aitheantas air seo, comhbhunaigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus an Australian Tertiary Education Quality and Standards Agency (TEQSA) Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil (GAIN) agus ba é Simon Harris, T.D., Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálacha agus Eolaíochta a sheol é i nDeireadh Fómhair 2022.

Is cumann rialtóirí agus gníomhaireachtaí cáilíochta agus ionraicis é GAIN a bhfuil sé mar aidhm aige naisc atá ann cheana idir rialtóirí a choinneáil agus naisc nua a bhunú. Tríd an líonra, scaipeann baill forbairtí agus taighde nua ar chaimiléireacht conartha agus ar chalaois acadúil trasna dlínsí, agus beartaítear cineálacha cur chuige comhchoiteanna domhanda a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le réiteach a fháil ar na dúshláin seo chun foghlaimeoirí, soláthraithe oideachais, agus córais náisiúnta cáilíochtaí a chosaint.

Ar dháta a bhunaithe, bhí 14 ball ag GAIN ó gach cearn den domhan. I measc na dtíortha a ndearnadh ionadaíocht orthu bhí an Astráil, an Iodáil, an Liotuáin, an Nua-Shéalainn, an Afraic Theas, an RA agus an tSaimbia. D'fhormhuinigh an Líonra Eorpach um Ionracas Acadúil (ENAI), an Comhlachas Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA) agus Comhairle na hEorpa an líonra. Is féidir liosta na mball reatha a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin nuachruthaithe: An Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil.

Beartaíonn GAIN cruinnithe ráithiúla a reachtáil ar líne. Tionóladh an chéad chruinniú an 5 Nollaig 2022.

# AN STRUCHTÚR RIALACHAIS

## Bord QQI

Bord deichniúr comhaltaí, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, a rialaíonn QQI. An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird. Ar chúraimí an bhoird tá ceadú na gcuntas airgeadais, beartas, ráitis straitéise, pleananna corparáideacha agus tuarascálacha bliantúla. Déanann an bord cinntí maidir le feidhmeanna éagsúla

- Ullmhú agus glacadh an ráitis straitéise,
- Pleanáil straitéiseach, pleanáil chorparaideach agus ceadú na gcuntas bliantúil.
- Ceadú na ráiteas airgeadais
- Ceadú gach beartais agus cur chuige i leith beartais
- Ceadú nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a aistarraingt
- Bailíochtú cláir a aistarraingt
- Údarás a tharmligean do sholáthraí chun dámhachtainí a dhéanamh
- Údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh a aistarraingt nó a éagsúlú

Tá feidhmeanna aige, leis, i ndáil le cláir a bhailíochtú, comhdhámhachtainí, agus rochtain, aistriú agus forchéimniú. Tugann roinnt coistí faoi leibhéal an Bhoird cúnamh le rialachas acadúil agus le réimsí tábhachtacha eile rialachais, agus is comhaltaí den Bhord atá ar na coistí sin.

D'éag téarma dhara Bhord QQI ar an 5 Samhain 2022.

.

## Ballraíocht:

- Ms. Joanne Harmon (Cathaoirleach) (go dtí 5 Samhain 2022)
- An Dr Padraig Walsh (Príomhfheidhmeannach)
- An Dr Barbara Brittingham (Saineolaí idirnáisiúnta) (go dtí 5 Samhain 2022)
- Ms Mary Danagher (go dtí 5 Samhain 2022)
- Mr Blake Hodkinson
- Mr Thomas McDermott (go dtí 5 Samhain 2022)
- .Ms Clodagh McGivern (ainmniúchán USI) (ón 1 Iúil 2022)
- Ms Megan O'Connor (ainmniúchán USI) (go dtí 30 Meitheamh 2022)
- An Dr Niamh O'Reilly (ionadaí foghlaimeoirí) (go dtí 5 Samhain 2022)
- An tOllamh Irene Sheridan
- An Dr Anne Walsh (go dtí 5 Samhain 2022)

## Taifead Tinrimh Chomhaltaí an Bhoird ag Cruinnithe de Bhord QQI in 2022

| | 18 FEA 2022 | 8 AIB | 10 MEITH | 7-15 IÚIL (Cruinniú neamh-chorpartha) | 23 MEITH | 4 SAMH | UASLEIBHÉAL | FREASTAIL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Joanne Harmon | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Padraig Walsh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Barbara Brittingham | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Mary Danagher | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓** | ✓ | 6 | 6 |
| Blake Hodkinson | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Thomas McDermott | ✓** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Clodagh McGivern* | - | - | - | - | ✓ | | 2 | 1 |
| Megan O'Connor* | ✓ | ✓ | ✓ | - | - | - | 3 | 3 |
| Niamh O'Reilly | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 6 | 5 |
| Irene Sheridan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Anne Walsh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 | 6 |

* Ionadaí USI, téarma a oifige a ritheann ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh gach bliain.
** i láthair trí chomhdháil físe

## Cothromaíocht Inscne i gcomhaltacht Bhord QQI

D'éag téarma dhara Bhord QQI ar an 5 Samhain 2022. Bhí ceathrar as an deichniúr ball in oifig ag an bpointe sin. Mar sin, an 31 Nollaig 2022, bhí QQI ag fanacht le seisear comhaltaí boird a bhí le ceapadh (cathaoirleach san áireamh). As na ceithre chomhalta leanúnacha, bhí beirt fhear agus beirt bhan, rud a thug dáileadh inscne 50% amhail ar 31 Nollaig.

Tá na bearta seo a leanas pleanáilte chun díriú ar an gcothromaíocht inscne ar an mBord seo agus é a fheabhsú:

- D'éag téarma dhara Bhord QQI ar an 5 Samhain 2022. Tugadh aird chuí ar chothromaíocht inscne an Bhoird le linn an phróisis cheapacháin agus aibhseofar í don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

## Meastóireacht ar Fheidhmíocht

Rinneadh féinmheasúnú ar éifeachtacht an Údaráis don bhliain 2021 i Ráithe 1, 2022.

## Rialachas fo-Bhoird

Soláthraíonn roinnt fo-choistí den Bhord saineolas ar leith sa réimse acadúil agus i bpríomhréimsí eile d'oibríochtaí QQI:

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é cuspóir an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca struchtúr neamhspleách measúnaithe a sholáthar agus tacú leis an mBord ina bhfreagrachtaí as ceisteanna riosca, rialaithe agus gnéithe den rialachas, trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá na dearbhuithe go bhfuil riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus an Oifigigh Chuntasaíochta comhlíonta agus iontaofacht agus iomláine na ndearbhuithe sin a athbhreithniú. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2022.

## Ballraíocht agus tinreamh

I ngeall ar mhéid Bhord QQI, níl i mballraíocht an Choiste ach an t-aon bhord amháin ball agus triúr ball seachtracha nach baill den bhord iad (seachas triúr ball den Bhord mar a éilíonn an Cód Cleachtais).

| | |
|---|---|
| Blake Hodkinson (Cathaoirleach) | 4/4 |
| Kate Cullen (neamhchomhalta den Bhord) | 2/4 |
| Pearl Cunningham (neamhchomhalta den Bhord) | 4/4 |
| Walter Johnston (neamhchomhalta den Bhord) | 4/4 |

## An Coiste Maoirseachta um Chláir agus Dámhachtainí (CMCD)

Is é feidhm an Choiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí cinntí a dhéanamh maidir le bailíochtú clár as a leanann dámhachtainí QQI. Bunaítear cinntí agus moltaí an Choiste ar shaineolas agus ar mholtaí seachtracha, a chuirtear ar fáil de ghnáth i bhfoirm thuarascálacha ó phainéil saineolaithe agus torthaí ar ghníomhaíochtaí monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanann QQI. Bhí sé chruinniú ag an CMCD in 2022.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Pádraig Walsh (Cathaoirleach) | 6/6 |
| Orla Lynch | 3/3 |
| Andrea Durnin | 3/3 |
| Mary Grennan | 6/6 |
| Marie Gould | 2/2 |
| Barbara Kelly | 5/6 |
| Angela Lambkin | 3/3 |
| Jim Murray | 6/6 |
| John O'Connor | 6/6 |

## An Coiste um Beartais agus Caighdeáin (CBC)

Is é misean an Choiste Beartas agus Caighdeán a shaineolas a úsáid chun dréachtbheartas QQI a bhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le ceadú na mbeartas seo ar aon dul le straitéis na heagraíochta. Lena chois sin, breithníonn sé moltaí ón bhfeidhmeannacht chun caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta a chinneadh le haghaidh dámhachtainí oideachais agus oiliúna nó chun treoirlínte ábhar maidir

leis na leibhéil eolais, scile agus inniúlachta a mbeidh súil leo do dhámhachtainí ardoideachais, a fhormhuiniú, agus féadfaidh sé gníomhú orthu. Bhí ceithre chruinniú ag an CBC in 2022.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Anne Walsh (Cathaoirleach) | 3/3 |
| Achim Hopbach | 3/4 |
| Bryan Maguire | 4/4 |
| Hannah McGee | 2/4 |
| Jim Murray | 1/1 |
| Niamh O'Reilly | 1/3 |
| Damien Owens | 4/4 |
| Aileen Ponton | 2/2 |
| Alan Power | 4/4 |
| Peter Rigney | 1/4 |
| Cassy Taylor | 2/2 |

## An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC)

Déanann an Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC) athbhreithniú agus anailís ar ghníomhaíochtáí an PAEC (thuas), ag soláthar comhairle agus ag déanamh moltaí ar a chinntí. Deimhneoidh sé cinntí de chuid an PAEC, nó cuirfear ar ais iad, faoi mar is gá. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste PAOC in 2022:

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Barbara Brittingham (Chair) | 2/2 |
| Billy Bennett | 1/1 |
| Mary Danagher | 0/2 |
| Mark Kane | 1/2 |
| Mary Meaney | 1/2 |
| Gerard Morgan | 1/1 |
| Brendan O'Dea | 2/2 |
| Seán Rowland | 2/2 |

## Coiste Formheasanna agus Athbhreithnithe (CFA)

Déanann an Coiste Formheasanna agus Athbhreithnithe cinntí agus moltaí ar fhormheas nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta; an Marc Idirnáisiúnta Oideachais; údarás tarmligthe; agus déanann sé torthaí athbhreithnithe cáilíochta arna ndéanamh ag QQI a cheadú lena bhfoilsiú. Bhí ceithre chruinniú ag an ARC in 2022.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Irene Sheridan (Cath) | 4/4 |
| Fiona Farr | 1/1 |
| Laura Flynn | 4/4 |
| Carol Hanney | 3/4 |
| William Kelly | 2/4 |
| Siobhan Kinsella | 2/3 |
| Geraldine Larkin | 1/1 |
| Clodagh McGivern | 1/1 |
| Anna Murphy | 2/3 |
| Megan O'Connor | 0/2 |
| Ronan O'Loughlin | 4/4 |
| Gerry O'Sullivan | 3/4 |
| Tony Pettit | 2/3 |
| Mary Sheridan | 1/1 |

## An Coiste Acmhainní Daonna agus Eagair

Is é cuspóir an Choiste Acmhainní Daonna agus Eagair cuidiú agus comhairle a chur ar an mBord d'fhonn a rialachas agus maoirseacht féin sna réimsí acmhainní daonna agus feidhmíocht an phríomhfheidhmeannaigh a athneartú. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Acmhainní Daonna agus Eagair seo in 2022.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Joanne Harmon (Chair) | 2/2 |
| Mary Danagher | 2/2 |
| Blake Hodkinson | 2/2 |

# GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

## Airgeadas

In 2022 fuair QQI €14.095 milliún idir Dheontas Stáit, ioncam ó tháillí, cistiú AE agus eile. Ba é €14.052 mhilliún an caiteachas sa tréimhse chéanna. Chosain caiteachas pá agus pinsin €8.73 milliún in 2022 (taobh amuigh de choigeartuithe FRS17).

## Íocaíochtaí le Comhaltaí an Bhoird

I gcáil dheonach, go huile agus go hiomlán, a ghníomhaíonn comhaltaí an Bhoird agus níor íocadh aon táille le comhaltaí an Bhoird in 2022. Íoctar costais cóiríochta, taistil, eitiltí agus cothabhála ar aon dul le rátaí atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais. Ba é €15,388* costais iomlána an bhoird in 2022

## Tuarastail agus costais an Phríomhfheidhmeannaigh

Fuair an Príomhfheidhmeannach €159,567 d'íocaíochtaí tuarastail in 2022. Níor íocadh aon phá bainteach le feidhmíocht sa tréimhse seo. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh na teidlíochtaí caighdeánacha i samhailscéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Thabhaigh an Príomhfheidhmeannach €170* de chostais dheimhnithe in 2022.

* Baineadh na figiúirí seo as dréacht-Ráitis Airgeadais QQI don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022.

Foilsítear Ráitis Airgeadais iniúchta QQI ar láithreán gréasáin QQI – www.qqi.ie.

# **CÁS-STAIDÉAR** - ÁR GCION A DHÉANAMH CHUN TACÚ LE DAOINE A EASÁITÍODH AS AN ÚCRÁIN

De bharr an oiread daoine a easáitíodh as an Úcráin go hÉirinn, b'éigean Grúpa Oibre idirghníomhaireachta agus idir-Institiúide comhordaithe a bhunú laistigh den Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS). Rinneadh an cinneadh deasc chabhrach náisiúnta do mhic léinn agus do thaighdeoirí (NSR) chun bainistiú tapa iarratas ar aistriú gan uaim chuig cláir ardoideachais a éascú dóibh siúd a raibh sé seo ina uaillmhian acu; chuir an bonneagar náisiúnta i dtreoir do dhaoine fásta agus Gairmoideachas agus Gairmoiliúint (VET) tacaíochtaí túslíne ar fáil laistigh den earnáil BOO, dírithe le chéile ar thacú le comhtháthú éifeachtach gan uaim. Do NARIC Ireland chiallaigh sé seo go raibh an riachtanas faisnéise maidir le cáilíochtaí Úcráinis uilíoch; aistríodh an treoir do sheirbhísí go Úcráinis gan mhoill, rud a thug líon na dtreoracha teanga éagsúla go deich gcinn.

D'oibrigh NARIC Ireland le Deasc Chabhrach an NSR, ag tacú le hobair ullmhúcháin le cur i láthair, naisc dhíreacha le haghaidh seirbhísí agus trí obair chomhoibríoch leanúnach lena n-áirítear mar chuid de ghrúpa oibre DFHERIS. Chuimsigh sé seo idirghabháil a dhéanamh ar fhaisnéis a roinntear ar fud líonra ENIC NARIC agus a d'fhorbair an Bhí baint dhíreach ag QQI freisin le measúnú Béarla agus tacaíochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha dóibh siúd a bhí ag smaoineamh ar iarratais a dhéanamh ar chúrsai breisoideachais agus ardoideachais. Bunaíodh Grúpa Oibre saineolaithe trasearnála chun réitigh ar thástáil náisiúnta a scrúdú, a sholáthródh dearbhú go mbeadh an cumas agus an tacaíocht acu siúd a rachadh chun cinn i gcláir le bheith rannpháirteach go rathúil; ba é an toradh ar anailís agus ar thaighde cúramach gur roghnaíodh Triail Béarla DuoLingo don tástáil bhunlíne tosaigh. Ina dhiaidh sin thairg Duolingo 3,500 tástáil saor in aisce mar fhreagra ar an ngéarchéim, rud arbh fhiú $171,500 é. Chuir an Grúpa Oibre isteach tuarascáil chuig DFHERIS chun próiseas aontaithe, trasearnála a fhorbairt maidir le measúnú agus soláthar an Bhéarla a chumasaigh freagairt láithreach uilechuimsitheach agus phragmatach, ach a leag béim freisin ar ghníomhaíochtaí riachtanacha chun cur chuige náisiúnta inbhuanaithe a chinntiú i leith tacú le daoine atá easáitithe sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Leanann an Grúpa Oibre seo ar aghaidh ag teacht le chéile agus tá sé beartaithe taighde a dhéanamh ar réimsí éagsúla de sholáthar an Bhéarla chun críocha acadúla chun scrúdú a dhéanamh ar réimsí ar nós dul chun cinn an fhoghlaimeora agus riachtanais leanúnacha.

Bhuail QQI freisin le grúpaí earnála a bhí ag earcú daoine le cáilíochtaí ón Úcráin, lena n-áirítear comhlachtaí gairmiúla, agus leis an gCónaidhm Náisiúnta Earcaíochta, chun seirbhís agus córas NARIC a mhíniú, agus chun ár gcuid foghlama



faoi cháilíochtaí na hÚcráine, agus an córas oideachais agus oiliúna, a chomhroinnt.

De réir mar a d'fhás na huimhreacha, agus ba léir go raibh gá le heolas maidir leis na córais ghinearálta san Úcráin chun tacú le daoine ag gach céim den oideachas, d'fhorbair NARIC Ireland an 'Rough Guide to Ukrainian Qualifications in the context.

of the Irish National Framework of Qualifications.' Forlíonann an t-eolas seo tacaíochtaí mar 'ionad ilfhreastail' d'fhostóirí agus d'oideachas na hÉireannagus do sholáthraithe oiliúna maidir le cinntí aitheantais a dhéanamh a bhaineann le Cáilíochtaí na hÚcráine.

Tá prionsabail aitheantais agus faisnéis shaincheaptha faoi chodanna éagsúla de chóras oideachais na hÚcráine mar aon le naisc le haghaidh tuilleadh faisnéise le fáil taobh le heolas ar cháilíochtaí sonracha, in aon fhoinse amháin. Forbraíodh Gartreoraithe freisin don tSiria agus don Afganastáin.



# BAINISTÍOCHT RIOSCA

eQQI ag bainistiú riosca i gcomhréir lena Bheartas Bainistíochta Riosca, a athbhreithníodh i Meitheamh 2022. Rinneadh an cleachtadh athbhreithnithe tar éis athbhreithniú seachtrach ar chreat bainistíochta riosca QQI agus bearta a thabhairt isteach chun bainistíocht riosca a fheabhsú agus a leabú tuilleadh sa QQI. Áiríodh leis na bearta sin cur chuige nua maidir le rioscaí a chur in iúl, fócas ar líon níos lú rioscaí ardleibhéil ar an leibhéal corparáideach agus forbairt clár riosca áitiúil. Rinneadh bearta chun feasacht ar riosca a mhéadú agus riosca a leabú i dtionscadail agus i ngnó a bhí faofa pleanáil.

Rinneadh an clár-riosca corparáideach a leasú agus athbhreithníonn an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ar bhonn ráithiúil. Measadh ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ag Bord QQI ag eatraimh rialta. Tugadh aird ar leith ar chailleadh féideartha den chuimhne chorparáideach, leanúint de rialachas corparáideach láidir, acmhainní airgeadais leordhóthanacha, tabhairt isteach an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta, cibearshlándáil, an t-aistriú chuig oibriú cumaisc agus bainistíocht taifead.

Tháinig dhá cheann de na rioscaí seo i gcrích faoi dheireadh na bliana - an mhoill ar chur i bhfeidhm an Mhairc Idirnáisiúnta Oideachais agus an mhoill ar bhallraíocht Bhord QQI a athbhunú.

## Príomhrioscaí

Rinne an tÚdarás measúnú ar na príomhrioscaí, agus ar a maoluithe, do QQI in 2022 ag a chruinniú den Dé Luain 22 Bealtaine 2023. Tá siad seo leagtha amach i dTábla 1 thíos.

Tábla 1. Príomhrioscaí agus maoluithe QQI, 2022

| RANGÚ RIOSCAÍ | PRÍOMHRIOSCA |
|---|---|
| 1 | *An riosca go gcaillfear cuimhne chorparáideach mar gheall ar leibhéil arda scoir foirne laistigh den dá bhliain atá romhainn* Maolaithe ag struchtúr bainistíochta níos cothroime, cláir forbartha bainistíochta, agus pleanáil comharbais agus líonadh folúntas a bhunú ar chothromaíocht chuí gráid agus tacair scileanna a bhaint amach, bunaithe ar a seal ar riachtanais ghnó agus tosaíochtaí eagraíochtúla. |
| 2 | *An riosca go gcuirfear an córas TFC i mbaol mar gheall ar chibearionsaí*<br>Maolaithe ag rialuithe chun rochtain shlán ar acmhainní agus córais QQI a chinntiú, ionad slándála neamhspleách seachtrach, athbhreithniú rialta ar theagmhais agus scanadh maidir le leochaileacht agus cúltacaí rialta láidre. |
| 3 | *An riosca nach bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ann chun cuspóirí sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach mar gheall ar leibhéil dothuartha ioncaim ó sheirbhísí agus laghdú féideartha ar chroídheontas*<br>Maolaithe ag rialuithe buiséadacha, tuarascálacha míosúla, agus athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta, múnla maoinithe athbhreithnithe molta agus beartas coinneála cúlchistí lena chur faoi mbráid na de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. *Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS)* |

| RANGÚ RIOSCAÍ | PRÍOMHRIOSCA |
|---|---|
| 4 | *An riosca go dtiocfaidh laghdú ar acmhainn oibriúcháin agus ar mheanman foirne ag éirí as an aistriú go hobair chumaisc mar gheall ar chumarsáid neamhleor leis an bhfoireann agus pleanáil neamhleor Maolaithe ag suirbhéanna foirne,* TF agus oibreacha oifige a chríochnú chun filleadh foirne a éascú agus beartas oibre cumaisc píolótach a thabhairt isteach. |
| 5 | *An riosca go gcuirtear córas éifeachtach bainistithe taifead i bhfeidhm go neamh-chomhsheasmhach ar fud na heagraíochta mar gheall ar easpa tacaíochta cuí bainistíochta* Maolaithe ag clár oibre arna mhaoirsiú ag an Oifig Clárbhainistíochta, tionscnaimh a thúsú ar bheartas bainistíochta taifead, próisis ghnó, agus córas rangaithe. |

## Cosaint sonraí

Geallann QQI cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint ar aon dul leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2018. Foráiltear sna hAchtanna le haghaidh sonraí a bhailiú agus a úsáid ar shlí fhreagrach, agus chun úsáidí neamhiarrtha agus úsáidí dochracha sonraí a chosc. Coinníonn QQI súil ar a leibhéal comhlíonta le cinntiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm againn chun riachtanais a chomhlíonadh

## Nochtaí cosanta

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád le gur féidir le hoibrithe, atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí, nochtuithe faoi chosaint a dhéanamh agus chun déileáil leis na nochtuithe sin.

Ní bhfuarthas tuairisc ó aon oibrí de chuid QQI faoin mBeartas um Nochtuithe faoi Chosaint sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an Dé Sathairn 31 Nollaig 2022.

Ní bhfuair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) aon tuairisc faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí 31 Nollaig 2022.

## Gearáin i dtaobh na seirbhíse

Ní bhfuair QQI aon ghearán i dtaobh na seirbhíse in 2022, bíodh sin nochta nó aimsithe. Níor tuairiscíodh aon chás calaoise ach an oiread do AD, don Phríomhfheidhmeannach, don Iniúchóir Inmheánach ná don Choiste Iniúchta agus Riosca i rith na bliana.

.

## Rialuithe inmheánacha

Tá bearta déanta ag QQI chun timpeallacht cuí rialaithe a chinntiú i dtaca le rioscaí a aithint agus a bhainistiú. Níor tharla aon sárú ar na rialuithe inmheánacha in 2022.

## Calaois

Níor tuairiscíodh aon chás calaoise nó calaoise amhrasta faoin mBeartas um Nochtuithe faoi Chosaint sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an Dé Sathairn 31 Nollaig 2022. Ní bhfuair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) aon tuairisc faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí 31 Nollaig 2022.

## Ráitis ar éifeachtúlacht fuinnimh agus beartas comhshaoil

Tá QQI tiomanta do bheartais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur i bhfeidhm agus ár lorg carbóin a laghdú. Seo cuid de na tionscnaimh leanúnacha a chabhraíonn linn é seo a bhaint amach:

- Tá dul chun cinn suntasach déanta ag QQI i dtreo a bheith ina oifig gan pháipéar lena n-áirítear foilseacháin a sholáthar i bhformáid leictreonach amháin
- Tá QQI ag déanamh monatóireachta agus íoslaghdaithe ar a úsáid fuinnimh de réir an bheartais phoiblí agus tá sé ag iarraidh teicneolaíocht nua a shuiteáil chun a lorg carbóin a laghdú go suntasach
- Mar chomhlacht earnála poiblí, seolann QQI tuarascálacha bliantúla don SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) maidir lenár bhfeidhmíocht fuinnimh
- A chinntiú gur earraí maisíochta, táirgí glantacháin agus earraí meatacha eile oifige éicea-chairdiúla a úsáidtear.

## Comhionannas Earnála Poiblí agus Dínit Chearta an Duine

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn an comhionannas a chur chun cinn, an t-idirdhealú a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhísí agus gach duine a dtéann a mbeartais agus a bpleananna i bhfeidhm orthu a chosaint. Tugtar Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí ar an oibleagáid dhlíthiúil seo. Ceanglaíonn Alt 42 den Acht um Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí féachaint don mhéid seo a leanas agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu:deireadh a chur le hidirdhealú

- deireadh a chur le hidirdhealú
- comhionannas deise agus caitheamh comhionann a chur chun cinn leis an bhfoireann agus leis na daoine dá soláthraítear seirbhísí; agus
- cearta daonna na foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Tá QQI tiomanta do chur i bhfeidhm iomlán an Achta seo um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. In 2021, d'fhoilsíomar ár ráiteas straitéise do 2022-2024 ina n-aithnímid a éagsúil atá ár ngeallsealbhóirí agus ina leagtar amach ár luachanna lena n-áirítear ionracas, trédhearcacht agus cuimsitheacht. In 2022, bunaíodh grúpa oibre tras-eagraíochta chun tús a chur le hobair ar bheartas corparáideach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) a ullmhú le foilsiú in 2023

## **CÁS-STAIDÉAR** – ATHBHREITHNIÚ CINNTE AR OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH (TUD) ATHBHREITHNIÚ TIONSCNAIMH AR CHÁILÍOCHT SEACHTRACH IN OLLSCOIL NUA TEICNEOLAÍOCHTA

De ghnáth is próisis chúlghabhálacha iad athbhreithnithe seachtracha a thugann léargas ar an dearbhú cáilíochta inmheánach (QA) agus ar chleachtais agus ar ghníomhaíochtaí feabhsaithe a bunaíodh agus a triaileadh laistigh d'eagraíocht thar thréimhse ama, cúig bliana de ghnáth. Ach cad a tharlaíonn nuair nár bunaíodh an institiúid atá faoi réir athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta ach níos lú ná leath an ama sin ó shin? Nuair a cuireadh tús le hAcht na nOllscoileanna Teicneolaíochta in 2018 tháinig athrú suntasach ar an tírdhreach ardoideachais in Éirinn nuair a bunaíodh cúig ollscoil teicneolaíochta nua.

Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TUD) i mí Eanáir 2019, rud a chruthaigh an chéad ollscoil teicneolaíochta (TU) in Éirinn a thairgfeadh cláir suas go leibhéal dochtúireachta. Tá sé mar bheartas ag QQI TUanna nua a bheith faoi réir athbhreithniú seachtrach DC 18 mí tar éis a mbunaithe, rud a fhágann gurb í TU Bhaile Átha Cliath an chéad ollscoil teicneolaíochta a ndearnadh athbhreithniú seachtrach uirthi i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Maidir le QQI, breithníodh na téarmaí tagartha atá ann cheana le haghaidh athbhreithniú seachtrach DC agus na huirlisí a úsáideadh sa phróiseas, m.sh., tuarascálacha féinmheastóireachta, chun a chinntiú go raibh siad oiriúnach chun tomhas a dhéanamh ar éifeachtacht creata cáilíochta a bhí fós á fhorbairt, den chuid is mó, nuair a cuireadh an fhéinmheastóireacht institiúideach isteach. Ba é an dúshlán a bhí ann ná an próiseas athbhreithnithe a oiriúnú agus a athmhúnlú le bheith ag breathnú níos faide chun cinn, agus ag an am céanna caighdeáin agus sláine an phróisis a choinneáil. Ba ghá freisin go mbeadh brí le haon oiriúnú ar an bpróiseas athbhreithnithe do TU Bhaile Átha Cliath agus tacú le forbairt a chreat cáilíochta amach anseo.

I gcás TU Bhaile Átha Cliath, cuireadh tús le hullmhúcháin d'athbhreithniú seachtrach go luath i ndiaidh bhunú na hollscoile. Forbraíodh go leor den mhachnamh agus den fhéinmheastóireacht a bhí mar bhonn eolais don phróiseas athbhreithnithe in éineacht le próisis mhúnlaitheacha eile atá tábhachtach d'fhorbairt fhéiniúlacht, do mhisean agus d'fhís aonadach nua na hOllscoile. Chruthaigh an t-athbhreithniú comhfhócas d'fhoireann na hollscoile agus d'éascaigh sé breis comhoibrithe agus comhtháthaithe inmheánaigh idir trí institiúid neamhspleácha, mar a bhí roimhe seo.

Ba mhór ag TU Bhaile Átha Cliath an deis machnamh a dhéanamh ar eispéiris roimh agus ó bunaíodh an ollscoil. Deis ab ea an teagmháil leis an bhfoireann athbhreithnithe agus le piaraí idirnáisiúnta maidir leis an gcur chuige a glacadh i leith DC agus feabhsú chun iniúchadh a dhéanamh ar na próisis atá i bhfeidhm agus atá á mbunú.

I ndeireadh na dála, thacaigh na moltaí a d'aithin an ollscoil agus a d'fhormhuinigh an fhoireann athbhreithnithe leis an eagraíocht chun treochlár inbhuanaithe a tháirgeadh dá clár oibre um fheabhsú cáilíochta. Bhí an formhuiniú seo ón bhfoireann athbhreithnithe tábhachtach do TU Bhaile Átha Cliath, agus chinntigh an 'stampa faofa cáilíochta' muinín an phobail san ollscoil nua seo.

# AGUISÍNÍ

## AGUISÍN 1

### Rochtain Tosaigh ar Bhailíochtú – Iarratais a Rinneadh in 2022

| EARNÁIL | IARRATAIS | CEADAITHE | DIÚLTAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE |
|---|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 7 | 0 | 0 | 4 | 3 |
| Iomlán | 7 | 0 | 0 | 4 | 3 |

### ROCHTAIN TOSAIGH AR BHAILÍOCHTÚ – IARRATAIS A RINNEADH ROIMH 2022 ACH A TUGADH CHUN CRÍCHE IN 2022

| EARNÁIL | IARRATAIS | CEADAITHE | DIÚLTAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE |
|---|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 5 | 2 | 1 | 2 | 0 |
| Iomlán | 6 | 2 | 1 | 2 | 1 |

## AGUISÍN 2

### ATHBHUNÚ CAIDRIMH – IARRATAIS A RINNEADH IN 2022

| EARNÁIL | IARRATAIS | CEADAITHE | DIÚLTAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE |
|---|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 75 | 3 | 1 | 63 | 8 |
| Iomlán | 75 | 3 | 1 | 63 | 8 |

### THBHUNÚ CAIDRIMH – IARRATAIS A RINNEADH ROIMH 2022 ACH A LEAN / A TUGADH CHUN CRÍCHE IN 20222

| EARNÁIL | IARRATAIS | CEADAITHE | DIÚLTAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE |
|---|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 33 | 16 | 0 | 17 | 0 |
| Iomlán | 33 | 16 | 0 | 17 | 0 |

## ATHBHUNÚ CAIDRIMH – AN STAID IOMLÁN GO DTÍ SEO

| EARNÁIL | IARRATAIS A FUARTHAS | CEADAITHE | DIÚLTAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE ROIMH MHEASTÓIREACHT |
|---|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 27 | 26 | 0 | 0 | 1 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 161 | 61 | 1 | 80 | 19 |
| Iomlán | 188 | 87 | 1 | 80 | 20 |

# AGUISÍN 3

## BAILÍOCHTÚ NUA – IARRATAIS A RINNEADH IN 2022 (Printíseachtaí i lúibíní)

| EARNÁIL | IARRATAIS A FUARTHAS | CEADAITHE | DIÚLTAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE ROIMH MHEASTÓIREACHT |
|---|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 93 (3) | 20 (0) | 3 | 52 (3) | 18 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 109 (0) | 26 (0) | 2 | 68 (0) | 13 (0) |
| Iomlán | 202 | 46 (0) | 5 | 120 (3) | 31 (0) |

## BAILÍOCHTÚ DIFREÁLACH/ATHBHAILÍOCHTÚ/LEATHNÚ ar BHAILÍOCHTÚ – IARRATAIS A RINNEADH IN 2022

| EARNÁIL | IARRATAIS A FUARTHAS | CEADAITHE | DIÚLTAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE ROIMH MHEASTÓIREACHT |
|---|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 67 | 52 | 0 | 11 | 4 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 105 | 89 | 0 | 16 | 0 |
| Iomlán | 172 | 141 | 0 | 27 | 4 |

QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

+353 (0) 1 905 8100
www.QQI.ie
http://qhelp.qqi.ie
QQI_connect